2020

# Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile

## Le haghaidh comhairliúcháin



Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile

primary developments
forás sa bhunscolaíocht
NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár

## Réamhrá

An réasúnaíocht le haghaidh curaclam na bunscoile a athbhreithniú . . . . 1

Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile á Fhorbairt . . . . 3

Amlíne le haghaidh forbairtí . . . . 4

## Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile

Fís . . . . 5

Prionsabail . . . . 6

Príomhinniúlachtaí . . . . 7

Réimsí agus ábhair sa churaclam . . . . 11

Leithdháileadh ama . . . . 15

Aistriú, leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim páistí . . . . 19

Teagasc agus foghlaim . . . . 20

Measúnú . . . . 23

Tacú le scoileanna, le múinteoirí agus le ceannairí scoile . . . . 26

*Tagairtí* . . . . *27*

*Aguisín A: Creatlach sheachtainiúil íos-ama a mholtar, Curaclam na Bunscoile, 1999* . . . . *29*

# Réamhrá

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag athbhreithniú agus ag athfhorbairt churaclam na bunscoile. Foilsíodh *Curaclam na Bunscoile* sa bhliain 1999. Curaclam ceannródaíoch a bhí ann ar chuir taighde fairsing de chuid na linne sin bonn eolais faoi. Foilsíodh an curaclam tar éis deich mbliana de chomhairliúchán agus de phlé agus tá taighde, athbhreithniú agus meastóireacht á ndéanamh air ó shin i leith. Thug an ghníomhaíocht sin léargas ar bhuanna an churaclaim agus ar na dúshláin a bhaineann leis agus, ag an am céanna, díríodh aird ar an athrú atá tagtha ar an seomra ranga i rith na mblianta sin. Tá níos mó ar eolas againn anois freisin faoin gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí agus faoin gcineál saoil atá ag páiste atá ag fás aníos in Éirinn. Tá an tsochaí athraithe freisin agus tá sí fós ag athrú, agus tá sí ag súil le níos mó agus níos mó ó oideachas bunscoile. Ní mór dúinn mar sin cinnte a dhéanamh de go mbeidh an curaclam fós in ann eispéiris ábhartha agus tharraingteacha a chur ar fáil do pháistí agus muid ag féachaint i dtreo na ndeich mbliana atá romhainn amach agus níos faide ar aghaidh.

Sa chuid eile den réamhrá seo leagtar amach, ar bhealach níos mionsonraithe, an réasúnaíocht le haghaidh an curaclam a athbhreithniú agus a athfhorbairt agus an próiseas trínar forbraíodh *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Tugtar amlíne don chéad chéim eile den obair freisin.

## An réasúnaíocht le haghaidh curaclam na bunscoile a athbhreithniú

Tá bunchloch láidir le haghaidh teagaisc agus foghlama leagtha síos ag curaclam na bunscoile ó 1999 i leith. D'éirigh leis an gcuraclam ar a lán bealaí. Bhain páistí taitneamh as an bhfoghlaim, bhain múinteoirí níos mó úsáide as modheolaíochtaí foghlama gníomhaí, agus tháinig feabhas ar an ngnóthachtáil sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht, rud ar thug measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta fianaise air. Ach is iomaí rud atá ráite agus scríofa faoi na dúshláin freisin, cuir i gcás ró-ualach curaclaim—an iomarca le déanamh agus gan go leor ama ann chun é ar fad a dhéanamh—aird gach páiste a tharraingt agus tacú leo mar fhoghlaimeoir, agus an dúshlán a bhaineann le measúnú a úsáid ar bhealach fónta chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim agus, freisin, chun tuairisciú ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil páistí.

Sa scór bliain atá caite ó 1999 tháinig méadú ar an méid taighde a rinneadh ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na bpáistí i mblianta na luath-óige agus na bunscolaíochta. Tugann cuid mhaith den taighde sin léargas úr ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn páistí i ngach réimse den churaclam. In *Growing Up in Ireland*, an chéad staidéar fadaimseartha ar pháistí in Éirinn (www.growingup.ie), tugtar léargas ar an gcaoi a bhfuil páistí ag forbairt ina



dtimpeallachtaí sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha agus ar an gcaoi a ndeachaigh na timpeallachtaí sin, atá ag athrú go sciobtha, i bhfeidhm ar shaol na bpáistí, go háirithe le blianta beaga anuas. Choimisiúnaigh an CNCM staidéar fadaimseartha ar an oideachas bunscoile le déanaí inar féachadh go háirithe ar thaithí na bpáistí ar an scoil. Sa staidéar seo baintear úsáid as dearadh tras-seicheamhach agus tá dhá chohórt páirteach i sampla a chuimsíonn an tír go léir. Rianaítear agus foghlaimítear faoi eispéiris na bpáistí agus iad ag dul ón réamhscoil go dtí na naíonáin shóisearacha, trí ocht mbliana na bunscoile, agus ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil. Foireann Taighde sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath atá ag stiúradh an staidéir seo, *Children's School Lives*. Beidh baint dhíreach aige le hobair an CNCM chun curaclam na bunscoile a athbhreithniú agus a athfhorbairt sna blianta atá amach romhainn. Cuireann staidéir den sórt seo, taobh le taighde eile, ar ár gcumas eispéiris oideachais na bpáistí in Éirinn an lae inniu a fheiceáil agus a thuiscint níos fearr.

Ní mór freagairt do dhúshláin a bhaineann leis an gcuraclam agus aird a thabhairt ar na torthaí ó thaighde nua agus ó thaighde atá ag teacht chun cinn agus, ina theannta sin, tá roinnt daoine ag iarraidh go ndéanfadh curaclam na bunscoile níos mó! Meastar go minic gur gnéithe ríthábhachtacha iad scoileanna agus an curaclam, le chéile, chun freagairt do thosaíochtaí nó do riachtanais náisiúnta agus chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna na sochaí. Fianaise air sin is ea an t-éileamh ar níos mó ama do réimsí curaclaim atá ann cheana féin, cuir i gcás Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Corpoideachas (CO). Sa bhreis air sin, tá éileamh ann ar ghnéithe nua den fhoghlaim a chur san áireamh sa churaclam, cuir i gcás Códú agus Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil, Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic, Nuatheangacha Iasachta, agus ar bhéim ghinearálta níos mó a leagan ar Fholláine.

Tá forbairtí beartais in earnálacha eile ábhartha freisin agus muid ag féachaint arís ar churaclam na bunscoile. Cuireadh dhá bhliain d'oideachas réamhscoile uilíoch ar fáil (2010 agus 2018) agus tugadh isteach an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (2019), foilsíodh *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (2009) agus foilsíodh an *Creat don tSraith Shóisearach* (2015). Mar thoradh ar na forbairtí sin, tá athruithe tagtha ar an taithí a bhíonn ag páistí sula dtosaíonn siad sa bhunscoil, ar a bhfoghlaimíonn siad tar éis dóibh an bhunscoil a fhágáil agus ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad tar éis dóibh an bhunscoil a fhágáil, rud a leagann béim ar a thábhachtaí is atá ceangail agus leanúnachas i gcuraclaim feadh an chontanaim oideachais. Ach curaclam na bunscoile a athbhreithniú agus a athfhorbairt, cuirtear deis thábhachtach ar fáil chun tógáil ar a dtugann páistí leo chun na bunscoile agus ceangail lena dtaithí iar-bhunscoile a chinntiú agus, ag an am céanna, uathúlacht agus tábhacht an oideachais bunscoile ar aistear foghlama an pháiste a aithint.

Nuair a foilsíodh *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020* (An Roinn Oideachais agus Scileanna), rinneadh tosaíochtaí an oideachais bunscoile a choigeartú trí am breise a thabhairt do theagasc teangacha agus na matamaitice. Rinneadh an t-athrú sin gan an leithdháileadh ama trasna an churaclaim a leasú. Leagadh amach clár oibre d'athchóiriú an churaclaim sa Straitéis freisin, rud a thug ar an CNCM tús a chur le hathfhorbairt churaclam na bunscoile i dtaca le teangacha (Gaeilge agus Béarla) agus, ansin, i dtaca leis an matamaitic. Leanadh clár ama na straitéise agus rinneadh an obair sin sula ndearnadh athbhreithniú ar churaclam na bunscoile trí chéile, agus foilsíodh an curaclam teanga nua, *Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum*, i mí Mheán Fómhair 2019. Léiríonn an curaclam teanga smaointeoireacht nua ar chuspóir agus ar dhearadh curaclaim agus glacann sé cur chuige difriúil i leith cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim páistí. Cuid lárnach de sin is ea torthaí foghlama leathana. I dtéarmaí praiticiúla, fágann sé sin go bhfuil bunscoileanna ag úsáid curaclam atá bunaithe ar thorthaí foghlama agus atá fréamhaithe i dtaighde comhaimseartha ar theanga agus ar litearthacht, agus curaclam atá 20 bliain d'aois agus atá bunaithe ar chuspóirí ábhair mionsonraithe i ngach ábhar eile.

Tá an saol atá amach romhainn á mhúnlú cheana féin i gcolainn agus i sprioad ár bpáistí arsa Kofi Annan, iar-Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus duine a bhuaigh Duais Nobel na Síochána, roinnt blianta ó shin. Cuireann na focail sin i gcuimhne dúinn tábhacht na n-eispéireas atá ag páistí sna blianta ina bhfuil siad á múnlú agus an chaoi a múnlaíonn na heispéiris sin a saol mar pháistí agus mar dhaoine fásta sa todhchaí. Tá athrú nach bhfacthas a leithéid riamh cheana tagtha ar shochaí na hÉireann ó foilsíodh curaclam 1999. Mar gheall ar an dul chun cinn sa teicneolaíocht, bíonn rochtain réidh ag páistí an lae inniu ar fhaisnéis. Bíonn an córas oideachais agus na páistí féin á múnlú ag taithí dhifriúil ar shaol an teaghlaigh, ag cultúir dhifriúla, ag creidimh agus tuairimí difriúla, agus ag cumais agus riachtanais dhifriúla. Tá an éagsúlacht méadaithe seo follasach i *bPlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019*, áit a dhíríonn Sprioc 4.2 (lch.43-44) ar rogha scoile níos mó a thabhairt do pháistí agus do thuismitheoirí. Mar chuid de seo agus i gcomhpháirtíocht leis na Forais Phatrúnachta, leagann an Plean Gníomhaíochta amach céimeanna tosaigh leathana le haghaidh bunú 400 scoileanna il-sainchreidmheacha nó neamh-shainchreidmheacha. Cé gur gníomh fadthéarmach é seo, d'fhéadfadh sé ceist a spreagadh faoi ról an stáit ag cinntiú go mbíonn fáil ar oideachas atá bainteach le gnéithe reiligiúnacha agus eiticiúla den bhforbairt daonna. Freisin, go gcothaítear agus go gcuirtear chun cinn meas ar gach ball den tsochaí sa phróiseas. Dar le iniúchadh curaclaim O'Donnell (2019)[1], tá oideachas religiúin agus/nó eitic mar réimse nó mar ábhar curaclaim mar chuid de churaclam an stáit sa bhunscoil i dtrí as ocht gcríoch (An Fhionlainn, Albain agus An Bhreatain Bheag).

1 Is ceann de shraith páipéar taighde é an t-iniúchadh curaclaim seo, sraith a chuir go mór le forbairt na moltaí a rinneadh i nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile, agus tá an t-iniúchadh ar fáil ag www.ncca.ie/en/resources/audit-of-the-content-of-early-years-and-primary-curricula-in-eight-jurisdictions-overview-report

Tá comhairliúchán faoi churaclam na bunscoile ag teacht aníos, an chéad ceann den tsórt seo le breis is fiche bliain. I gcomhthéacs athfhorbairt an churaclaim mar atá sé leagtha amach, beidh deis ann plé a dhéanamh ar an gceist – cén chaoi inar féidir le cláracha na bpátrún leanúint den cur le forbairt iomlánaíoch an pháiste sa bhunscoil? Breis air sin, ar cóir ráiteas níos faide a bheith ins an curaclam athfhorbartha faoin réimse reiligiúnach, spioradálta agus eiticiúil?

Ar leibhéal níos domhanda, léiríonn dúshláin mar athrú aeráide, inbhuanaitheacht, imirce daoine agus athruithe geopholaitiúla an tábhacht a bhaineann le meonta agus scileanna, cuir i gcás teacht aniar, cruthaitheacht, nuálaíocht agus smaointeoireacht chriticiúil san óige agus sna glúnta atá le teacht. Tá an dúshlán atá roimh scoileanna agus roimh mhúinteoirí ag fás agus iad ag iarraidh an éagsúlacht seo agus an comhthéacs atá ag athrú go tapa a aithint ar bhealach a chuireann ar chumas gach páiste foghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh ionas go mbeidh siad in ann taitneamh a bhaint as an óige agus a bheith réidh don domhan ina mbeidh cónaí orthu mar dhaoine fásta.

Tá sochaí na hÉireann níos ilghnéithí ná mar a bhí riamh cheana. Ar nós na sochaí, tá seomraí ranga bunscoile i bhfad níos dinimiciúla agus níos gnóthaí anois agus bíonn múinteoirí ag freagairt d'éagsúlacht i bhfad níos mó agus iad ag cuidiú le foghlaimeoirí fás agus forbairt a dhéanamh. Is léir an éagsúlacht sin sa phatrún saibhir a bhíonn ag athrú i gcónaí d'aoiseanna, inniúlachtaí, cultúir, eitneachtaí, struchtúir agus cúlraí teaghlaigh, teangacha baile, reiligiúin, féiniúlachtaí gnéis agus tuairimí ar an saol atá ina saintréithe anois de mhórán seomraí ranga bunscoile. Is féidir le curaclam bunscoile athfhorbartha príomhról a imirt ó thaobh tacú le hobair scoileanna agus iad ag freagairt don éagsúlacht sin agus ag cumasú páistí le go mothóidh siad go bhfuil meas orthu, go gcuirtear luach orthu agus go bhfuil siad gafa leis an bhfoghlaim trí eispéiris atá curtha in oiriúint go cuí agus trí idirghníomhaíochtaí dearfacha taobh istigh de phobal na scoile. Ar a seal, bíonn ról ag na heispéiris agus idirghníomhaíochtaí sin i bhforbairt sochaí níos ionchuimsithí in Éirinn.



Agus muid ag féachaint ar na forbairtí sin go léir ó 1999, is cúis iontais méid agus luas an athraithe. Mar gheall ar sheomraí ranga ilghnéitheacha, éilimh ar eispéireas bunscoile a bhíonn ag méadú agus ag athrú an t-am ar fad, curaclam plódaithe, athruithe beartais agus torthaí nua ar thaighde ar an teagasc, ar an bhfoghlaim agus ar an measúnú, tá gá agus deis ann féachaint athuair ar churaclam na bunscoile trí chéile agus eochaircheisteanna a chur:

- Cén **cuspóir** atá le hoideachas bunscoile do pháistí na todhchaí?
- Céard iad na **tosaíochtaí**, céard é an **struchtúr** agus céard iad na **codanna** taobh istigh de churaclam ar féidir leo tacú leis sin?

## Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile á Fhorbairt

### An próiseas

Tá na ceithre réimse leathana gníomhaíochta atá mar bhonn agus mar thaca ag comhairle an CNCM lárnach ó thaobh na heochaircheisteanna sin a fhreagairt.

- **Taighde**: Tarraingíonn an CNCM ar chorpas fairsing taighde. Tá cuid de sin leagtha amach i sraith páipéar gearr a scríobh taighdeoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is féidir teacht orthu sin ar shuíomh gréasáin an CNCM ag www.ncca.ie/ga/bunscoil/bunfhorbairtí/comhairliúchán-ar-an-dréachtchreat-curaclaim-na-bunscoile taobh le tuarascálacha eile ar an athbhreithniú ar an gcuraclam agus ar chomhairliúcháin ar an gcuraclam.
- **Líonraí**: Tá an CNCM ag obair go dlúth le Fóram na Scoileanna, líonra 43 scoil ina bhfuil 37 bunscoil, trí réamhscoil agus trí iar-bhunscoil, agus a léiríonn an éagsúlacht shaibhir a bhaineann le cineálacha agus le comhthéacsanna na scoileanna san oideachas bunscoile in Éirinn. Tagann an fóram le chéile gach ceithre go sé seachtaine agus cíorann na múinteoirí agus na príomhoidí smaointe ón taighde agus téann a dtaithí féin ón scoil i bhfeidhm ar an bplé ar churaclam bunscoile athfhorbartha. Sa chur chuige seo tá múinteoirí agus scoileanna i gcroílár fhorbairt an churaclaim agus is cabhair é ó thaobh na smaointe le haghaidh curaclam athfhorbartha a bhunú ar an oideachas bunscoile in Éirinn mar atá sé, ach é a bheith uaillmhianach go leor ag an am céanna.

- **Plé:** Tá an CNCM fós ag obair go dlúth leis na comhpháirtithe oideachais trína struchtúir ionadaíocha, agus le páirtithe leasmhara níos leithne trí imeachtaí ar nós na sraithe seimineár curaclaim in 2018 agus in 2019. Tarraingíonn an plé seo ar an taighde agus cuireann sé deis ar fáil do gach duine atá páirteach ann a dtuairimí eagraíochtúla a roinnt ag an bplé ar na treoracha le haghaidh curaclam athfhorbartha.
- **Comhairliúchán:** Ba chabhair iad na torthaí óna lán comhairliúchán, lena n-áirítear iad sin ar mholtaí le haghaidh curaclam ORC agus Eitice (2017), struchtúr an churaclaim agus am (2018), agus teanga agus matamaitic (2018 sa dá chás) ó thaobh an obair reatha ar churaclam bunscoile athfhorbartha a mhúnlú. Anois beidh comhairliúchán poiblí fairsing a bheidh ar bun go dtí Deireadh Fómhair 2020 dírithe ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* a tháinig chun cinn ón obair a rinneadh sna ceithre réimse sin—taighde, líonraí, plé agus comhairliúchán. Cabhróidh na torthaí ón gcomhairliúchán sin ó thaobh cuspóir, struchtúr agus ábhar an chéad churaclaim eile do bhunscoileanna a chinneadh.

### Creat curaclaim

Ceann de na pointí atá ag teacht chun cinn ina bhfuil comhdhearcadh ón obair sna ceithre réimse is ea an luach a bhaineann le creat curaclaim a fhorbairt a leagfadh fís shoiléir agus prionsabail shoiléire amach—céard atá tábhachtach san oideachas bunscoile agus cén fáth—agus cur síos, i dtéarmaí leathana, ar na nithe ar cheart tús áite a thabhairt dóibh i bhfoghlaim na bpáistí. Forbraíodh creataí atá cosúil leis an gceann seo le haghaidh an oideachais luath-óige agus le haghaidh na sraithe sóisearaí agus is é an coincheap gur 'déantóirí curaclaim' iad múinteoirí agus ceannairí scoile (Priestley, Biesta agus Robinson, 2015) is bonn leo. Sa ról seo baineann múinteoirí agus ceannairí scoile úsáid as torthaí foghlama leathana sna réimsí agus ábhair éagsúla sa churaclam taobh le fís agus le prionsabail an churaclaim chun curaclam a chruthú atá curtha in oiriúint do na páistí ina bpobal scoile agus a fheileann dóibh. Chuir an smaointeoireacht sin bonn eolais faoi fhorbairt *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*.

### Éagsúlacht na mbunscoileanna in Éirinn

I n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* leagtar amach an cuspóir, an struchtúr agus an t-ábhar atá molta don chéad churaclam eile do bhunscoileanna. Ceann de shaintréithe an oideachais bunscoile in Éirinn is ea an éagsúlacht a bhaineann le cineálacha agus le comhthéacsanna na scoileanna. Cuimsíonn an éagsúlacht seo méid na scoile, déimeagrafaic, struchtúr, an áit ina bhfuil an scoil, teanga, agus stádas ainmnithe. An múnla pátrúnachta is bonn le bunscoileanna na hÉireann, is saintréith de chuid an chórais é freisin agus príomhghné den éagsúlacht a bhaineann leis. Is lárnach iad na Comhlachtaí Pátrúin agus na Boird Bhainistíochta a chuireadar ar bun in eagrú agus in éiteas na scoile. Ag teacht le forálacha an Acht Oideachais (1998), is le haghaidh gach scoil na treoracha d'athrú curaclaim a leagtar amach sa *Dréachtchreat Curaclaim Bunscoile*. Tá na treoracha in ann riachtanais agus ábhair suime ar leith páistí, tuismitheoirí agus pobal na scoile i gcoitinne, mar aon le sainspiorad na scoile, a chur san áireamh.

## Amlíne le haghaidh forbairtí

*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* is bonn le comhairliúchán fairsing go dtí Deireadh Fómhair 2020. Tá sé i gceist go spreagfaidh an cháipéis agus go dtacóidh sí le plé agus díospóireacht faoi churaclam athfhorbartha do bhunscoileanna. Agus na torthaí ón gcomhairliúchán ag cur bonn eolais faoi, tabharfar an creat chun críche agus foilseofar é ag tús na bliana 2021. Ag an bpointe sin, treoróidh sé agus cuirfidh sé bonn eolais faoi obair an CNCM agus iad ag forbairt sonraíochta le haghaidh gach réimse den churaclam—Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, Folláine, agus Oideachas Ealaíon. I gcás réimse na Teanga, foilsíodh an curaclam nua, *Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum* in 2019 agus tá sé á chur i bhfeidhm faoi láthair. Beidh tionchar fós ag taithí na scoileanna ar an gcuid seo den churaclam ar an obair ar an gcuraclam níos leithne agus cabhróidh sí leis an obair sin a mhúnlú.

Cé nach ndearnadh pleanáil mhionsonraithe ar acmhainní, ar struchtúir agus ar phróisis go fóill, measann an CNCM go gcríochnófar forbairt na sonraíochtaí le haghaidh gach réimse den churaclam faoi shamhradh 2024. Ina dhiaidh sin cuirfear i láthair an Aire Oideachais agus Scileanna iad lena bhfaomhadh. Leagfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna amlíne amach le haghaidh obair na scoileanna ó thaobh an curaclam athfhorbartha a chur i bhfeidhm.

Sa chuid eile den cháipéis seo cuirtear i láthair *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*.

# Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile



## Fís


Tá sé mar aidhm leis an gcuraclam bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste le go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath, ag tacú leo chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí i gcaitheamh a n-óige agus amach anseo. Agus é ag tógáil ar an taithí a bhí acu roimhe seo, féachtar ar pháistí mar dhaoine uathúla, cumasacha ar cás leo daoine eile, agus ar mhúinteoirí mar ghairmithe tiomanta, sciliúla agus gníomhaíocha[2]. Tacaíonn an curaclam le teagasc, foghlaim agus measúnú ardchaighdeáin atá ionchuimsitheach agus bunaithe ar fhianaise, rud a thacaíonn le gach páiste dul chun cinn a dhéanamh i ngach réimse dá bhfoghlaim agus dá bhforbairt.

2 Tá múinteoir gníomhaíoch machnamhach, cumasach agus in ann breithiúnas gairmiúil a chleachtadh mar fhreagra ar riachtanais foghlama aonair i gcomhthéacsanna éagsúla.

## Prionsabail

Tá ocht bprionsabal teagaisc agus foghlama (féach Fíor 1 agus Tábla 1) is gá do scoileanna a chur san áireamh agus iad ag iarraidh fís an churaclaim a chur i bhfeidhm. Cuireann na prionsabail in iúl céard iad na nithe san oideachas bunscoile a gcuirimid luach orthu agus céard atá i gcroílár teagaisc agus foghlama ardchaighdeáin i gcuraclam na bunscoile. Tá na prionsabail leathan chun comhthéacsanna scoile éagsúla agus cúinsí, eispéiris agus cumais dhifriúla na bpáistí a chur san áireamh.

**Fíor 1:** Prionsabail




**Tábla 1:** Prionsabail

### Aistriú agus leanúnachas
Tógtar ar réamhfhoghlaim, féinluach agus féiniúlacht na bpáistí agus iad ag bogadh ón mbaile go dtí an réamhscoil agus ar aghaidh go dtí na naíonáin shóisearacha, agus ag dul chun cinn tríd an mbunscoil. Leagann sé sin bunchloch thábhachtach síos le haghaidh foghlama agus iad ag bogadh go dtí an iar-bhunscoil.

### Caidrimh
Tacaíonn caidrimh chomhbhácha taobh istigh de phobal na scoile le rannpháirtíocht, spreagadh agus foghlaim na bpáistí agus bíonn tionchar dearfach acu orthu.

### Oideolaíocht
Baineann múinteoirí úsáid as cineálacha cur chuige agus straitéisí oideolaíochta atá cuí agus bunaithe ar fhianaise chun rannpháirtíocht, úinéireacht agus dúshlán a chothú agus iad ag ceangal le taithí na bpáistí ar an saol agus leis na rudaí a bhfuil suim acu iontu.

### Comhpháirtíochtaí
Saibhríonn agus méadaíonn comhpháirtíochtaí agus comhoibriú idir scoileanna, teaghlaigh agus pobail foghlaim na bpáistí ach a saol ar scoil agus taobh amuigh di a aithint agus tacú leis.

### Timpeallachtaí foghlama
Múnlaíonn agus cothaíonn an timpeallacht fhisiciúil foghlaim na bpáistí, taobh istigh agus taobh amuigh. Spreagann na timpeallachtaí ilghnéitheacha seo neamhspleáchas na bpáistí agus cothaíonn siad agus tacaíonn siad lena bhfoghlaim trasna an churaclaim.

### Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht
Soláthraíonn oideachas ionchuimsitheach do chothromas deise agus rannpháirtíochta i bhfoghlaim na bpáistí. Ceiliúrann oideachas ionchuimsitheach an éagsúlacht agus freagraíonn sé d'uathúlacht gach páiste.

### Rannpháirtíocht
Tá páistí gníomhach agus léiríonn siad an cumas le gníomhú go neamhspleách agus roghanna a dhéanamh i dtaca lena bhfoghlaim agus ina bhfoghlaim. Tugann eispéiris churaclaim deiseanna dóibh le haghaidh cinntí a dhéanamh, a bheith cruthaíoch agus comhoibriú.

### Measúnú agus dul chun cinn
Tá measúnú fiúntach comhoibríoch agus is gné lárnach é de theagasc agus foghlaim ardchaighdeáin. Bíonn páistí, múinteoirí, tuismitheoirí agus daoine eile páirteach ann. Cuireann sé eolas ar fáil a fheabhsaíonn an teagasc agus cuireann sé bonn eolais faoin dul chun cinn i bhfoghlaim na bpáistí trasna an churaclaim agus tacaíonn sé leis an dul chun cinn.

## Príomhinniúlachtaí

De réir mar a dhéanann páistí caidreamh agus teagmháil le domhan sóisialta a mbailte, a bpobail agus a scoileanna, is gá dóibh a bheith in ann déileáil le réimse leathan comhthéacsanna agus cásanna, ní hamháin le linn na hóige ach de réir mar a théann siad in aibíocht sna déaga agus san aosacht. Chomh maith leis sin, is gá do pháistí a bheith in ann caidreamh agus teagmháil a dhéanamh leis an dúlra thart timpeall orthu agus tuiscint a fháil ar a luach agus ar a gcuid cúraimí mar chaomhnóirí an dúlra sin. Chun tacaíocht a thabhairt do pháistí agus chun cur ar a gcumas é seo a dhéanamh, tógfaidh an curaclam bunscoile athfhorbartha eispéiris luatha foghlama páistí sa bhaile agus sa réamhscoil agus déanfar na heispéiris seo a fhorbairt tuilleadh. Chun tacú le spriocanna foghlama níos leithne, féachann an Dréachtchreat leis an eolas agus leis na scileanna, coincheapa, claontaí, meoin agus luachanna riachtanacha sin a chur ar fáil do pháistí, a chuirfidh ar a gcumas iad féin a oiriúnú chun déileáil le cásanna, dúshláin agus comhthéacsanna éagsúla. Cuirtear na 'cumais' seo i láthair mar sheacht bpríomhinniúlacht a bhfuil dlúthcheangal eatarthu agus a bhaineann le hábhar ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé (féach Fíor 2). Tá nasc láidir idir iad féin, ceithre théama *Aistear* agus na hocht bPríomhscil sa *Chreat don tSraith Shóisearach*, ionas gur féidir ceangail a dhéanamh idir réamhfhoghlaim na bpáistí sa réamhscoil agus foghlaim san iar-bhunscoil amach anseo.

Tacaíonn na hinniúlachtaí le fís an churaclaim. Dá réir sin, tá níos mó i gceist leo ná scileanna agus eolas. Mar shampla, cuirtear an bhéim ar eolas a aimsiú, a mheas agus a úsáid, chomh maith le tuiscint don eolas de ghrá an eolais. Ar an gcaoi seo, déanann na hinniúlachtaí foghlaim dhomhain a chumasú agus a chothú, agus iad ag cur le forbairt iomlán an pháiste ag an am céanna.

Ós rud é go mbíonn ról tábhachtach agus lárnach ag na hinniúlachtaí i bhfoghlaim páistí, déanfar iad a neadú sna réimsí agus sna hábhair go léir sa churaclam, ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé, trí mheán na dtorthaí foghlama. Ar an gcaoi seo, cuireann na réimsí agus na hábhair sa churaclam le forbairt na bpríomhinniúlachtaí. Mar thoradh, beidh tábhacht leo i ngach réimse den churaclam, agus ag an am céanna cuirfear leanúnachas agus comhtháthú ar fáil i bhfoghlaim páistí, de réir mar a bhogann siad tríd an mbunscoil. Ar nós na foghlama ar fad a dtacaítear léi trí na torthaí foghlama, aithnítear go mbeidh tionchar ag cúinsí, eispéiris agus cumais éagsúla na bpáistí ar a gcuid dul chun cinn i dtreo na bpríomhinniúlachtaí. Déantar cur síos ar gach inniúlacht thíos.

**Fíor 2:** Príomhinniúlachtaí



### A bheith i do shaoránach gníomhach

Cothaíonn an inniúlacht seo sna páistí an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na dearcthaí, na luachanna agus na meonta a spreagann agus a chumasaíonn iad mar shaoránaigh chun bearta dearfacha a dhéanamh chun maireachtáil go cóir, go hinbhuanaithe agus le meas ar chearta daoine eile. Cabhraíonn sé le páistí a bhfuil ag tarlú sa domhan a cheistiú, a thuiscint agus léirmheas a dhéanamh air i gcomhthéacs chearta an duine, comhionannas agus ceartas sóisialta. Cuireann sé cleachtais dhaonlathacha i gcroílár an phróisis foghlama. Forbraíonn an inniúlacht seo acmhainn agus spreagadh na bpáistí le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach lánbhrí sa tsochaí ag leibhéal áitiúil, ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal domhanda, agus cothaíonn sé a gcumas le cur go dearfach agus go comhbhách le cruthú domhain níos inbhuanaithe agus níos cóire.

### A bheith cruthaitheach

Aithníonn an inniúlacht seo an chruthaitheacht atá i bpáistí ó dhúchas. Tá fuinneamh cruthaitheach ag páistí agus teastaíonn a lán deiseanna uathu le bheith cruthaitheach. Dírítear ar ábhair spéise na bpáistí agus deiseanna le haghaidh eispéiris chruthaitheacha fiúntacha a chothú agus a chur chun cinn trí smaointe, mothúcháin agus eispéiris a chíoradh, a shoiléiriú agus a chur in iúl. Cuirtear cruthaitheacht in iúl ar a lán bealaí, i ngach réimse de ghníomhaíocht agus de chultúr an duine, agus bíonn úrmhaireacht i gceist. Bíonn foghlaimeoirí cruthaitheacha fiosrach agus samhlaíoch agus bíonn intinn oscailte acu. Trí ghníomhaíocht chruthaitheach, is féidir le páistí saothair a dhéanamh atá úrnua agus luachmhar trasna an churaclaim. De réir mar a fhorbraíonn páistí an inniúlacht seo, tagann siad ar an tuiscint go mbaineann taitneamh, iarracht, dul sa seans, smaointeoireacht chriticiúil agus machnamh le gníomhaíocht chruthaitheach. Ach cumas cruthaitheach páistí a scaoileadh saor agus a chur chun cinn, cuirtear lena spreagadh, lena bhféinmheas agus lena bhforbairt trí iomlán.

### A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach

Féachann an inniúlacht seo le cabhrú le páistí úsáid a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach go fiosrach, go cruthaitheach, go muiníneach agus go criticiúil. Ach iad a bheith ina bhfoghlaimeoirí digiteacha, cothaítear cumas páistí le comhoibriú agus a bheith faoi bhláth i ndomhan atá tumtha níos mó agus níos mó sa teicneolaíocht. Forbraíonn páistí a gcuid eolais, scileanna, coincheap, dearcthaí, luachanna agus meonta ach fadhbanna a réiteach, triail a bhaint as rudaí agus rudaí a chruthú. De réir mar a fhorbraíonn páistí an inniúlacht seo, méadaítear a muinín chun úsáid a bhaint as réimse teicneolaíochta digití chun a samhlaíocht a spreagadh agus chun a smaointeoireacht chruthaitheach agus a léiriú cruthaitheach a leathnú. Ach páistí a chumasú le bheith ina saoránaigh dhigiteacha ghníomhacha, forbraíonn an inniúlacht seo a gcumas leis an teicneolaíocht a úsáid go freagrach, go slán agus go heiticiúil. Cuireann an inniúlacht seo ar chumas páistí páirt a ghlacadh go grinn i ndomhan atá ceangailte go digiteach agus atá idirspleách, agus cur leis.

### A bheith matamaiticiúil

Tacaíonn an inniúlacht seo le páistí smaointeoireacht mhatamaiticiúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun réimse fadhbanna a réiteach i ngnáthshuíomhanna. Is éard atá i gceist ná an mhuinín agus an scil a bheith acu chun an mhatamaitic a aithint agus a úsáid i ngach gné den saol. Is éard atá i gceist le bheith matamaiticiúil ná go mbíonn páistí ag tarraingt ar réimse eolais, scileanna, coincheap, dearcthaí, luachanna agus meonta agus iad ag aithint faisnéis ón ngnáthshaol a chuirtear i láthair go matamaiticiúil, ag baint ciall aisti agus á cur i bhfeidhm. Ní mór do pháistí a bheith in ann smaoineamh agus cumarsáid a dhéanamh go cainníochtúil, ciall a bhaint as sonraí, feasacht ar spásúlacht a bheith acu agus patrúin agus seichimh a thuiscint. Nuair a aithnítear deiseanna chun an mhatamaitic a úsáid trasna an churaclaim, is féidir le páistí a gcuid eolais agus scileanna matamaiticiúla a aistriú go dtí comhthéacsanna taobh amuigh den seomra ranga matamaitice. Cabhraíonn na deiseanna sin leis na páistí an chaoi ar féidir eolas agus scileanna matamaiticiúla a chur i bhfeidhm i réimsí eile den churaclam agus sa domhan mór a aithint, rud a shaibhríonn taithí na bpáistí.

### Cumarsáid a dhéanamh agus teanga a úsáid

Forbraíonn an inniúlacht seo tuiscint na bpáistí ar a bheith ag idirghníomhú le daoine eile agus cabhraíonn sé leo taitneamh a bhaint as. Is éard atá i gceist le cumarsáid a dhéanamh agus teanga a úsáid ná a bheith in ann foirmeacha éagsúla cumarsáide a thuiscint, a léirmhíniú agus a úsáid, lena n-áirítear geáitsíocht, cur i bhfocail, teanga labhartha (Gaeilge, Béarla nó teangacha eile), téacs clóite, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha. Ina theannta sin bíonn páistí ag cruthú agus ag cíoradh cineálacha éagsúla téacs agus iad á dhéanamh sin le cuspóir, lena n-áirítear formáidí labhartha, cló agus leictreonacha. Ní mór do pháistí a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus ceangal leo, d'fhonn páirt a ghlacadh sa tsochaí níos leithne, ciall a roinnt agus eolas nua a fhorbairt. De réir mar a fhorbraíonn siad an inniúlacht seo, tagann méadú ar mhuinín na bpáistí chun úsáid a bhaint as réimse meán agus modhanna cumarsáide a oireann do chuspóirí éagsúla agus do spriocghrúpaí. Is éard atá i gceist ná go mbíonn páistí ag foghlaim cén chaoi lena n-eispéiris, a smaointe agus a mothúcháin a roinnt ar bhealaí éagsúla chomh maith le foghlaim cén chaoi le tuairimí daoine eile a thabhairt faoi deara, éisteacht leo, ciall a bhaint astu agus meas a léiriú orthu.

## Folláine a chothú

Forbraíonn an inniúlacht seo tuiscint na bpáistí ar fholláine agus ar é a chur in iúl mar aon lena gcumas a bheith chomh folláin agus is féidir, go fisiciúil, go sóisialta, go mothúchánach agus go spioradálta. Cothaíonn sí féinfheasacht agus cuireann chun cinn cé chomh tábhachtach is atá sé go measann páistí go bhfuil siad féin cumasach agus seiftiúil. Tacaíonn sé sin lena gcumas déileáil le gnáthdhúshláin an tsaoil, teacht aniar a bheith iontu agus cruthú go maith i suíomhanna agus i gcúinsí éagsúla. Cuireann sí le feasacht na bpáistí ar an gcaoi ar féidir leo a bheith folláin go fisiciúil trí ghníomhaíocht choirp, bia folláin a ithe agus féinchúram. Cabhraíonn sí le páistí a bheith dearfach agus gafa lena gcuid foghlama agus a n-uathúlacht agus a gcumas féin a aithint. Tacaíonn sí le caidreamh folláin leo féin, lena bpiaraí, lena dteaghlach agus leis an domhan mór. Aithníonn sí gné spioradálta na beatha freisin, rud a chuireann ar chumas páistí uamhan agus iontas a mhothú agus a fhios a bheith acu go bhfuil ciall leis an mbeatha.

## Foghlaim le bheith i d'fhoghlaimeoir

Cabhraíonn an inniúlacht seo le páistí iad féin a fhorbairt mar fhoghlaimeoir, leo féin agus le daoine eile. Cuireann sí chun cinn forbairt an eolais, na scileanna, na gcoincheap, na ndearcthaí, na luachanna agus na meonta a theastaíonn le bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach gníomhaíoch chomh maith le foghlaim in éineacht le daoine eile. De réir mar a fhoghlaimíonn páistí le bheith ina bhfoghlaimeoirí, foghlaimíonn siad cén chaoi le cumarsáid a dhéanamh, cuspóirí foghlama pearsanta agus comhoibrithe a leagan síos, fadhbanna a réiteach, agus idirghníomhaíochtaí le daoine eile a bhainistiú. Bíonn siad ag foghlaim faoi dhaoine, rudaí agus áiteanna mórthimpeall orthu agus sa domhan mór agus ag baint ciall astu. Ach an inniúlacht seo a fhorbairt, foghlaimíonn páistí freisin lena machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama. Músclaíonn agus cothaíonn an inniúlacht seo fiosracht dúchais na bpáistí agus bíonn deiseanna acu le hidirghníomhú, le fiosrú, le ceisteanna a chur agus le hiontas a dhéanamh. De réir mar a fhoghlaimíonn páistí in éineacht le daoine eile agus fúthu, tacaítear lena bhfolláine mar go gcruthaíonn sé braistint chómhuintearais agus cheangail, chomh maith le feasacht a thógáil ar an méid uathúil atá gach páiste in ann a dhéanamh. Ach iad a bheith ag foghlaim in éineacht le daoine eile agus fúthu, cuirtear ar chumas páistí comhbhá a fhorbairt, acmhainn thábhachtach a ligeann dóibh tiúnáil isteach agus a bhfuil á bhrath ag duine eile a fheiceáil agus a mhothú.

Cuirtear roinnt tréithe ar fáil i dTábla 2 le haghaidh gach príomhinniúlachta. Déanann na tréithe seo cur síos ar na deiseanna foghlama agus forbartha saintréitheacha do pháistí taobh istigh de gach príomhinniúlacht a leabófar trí thorthaí foghlama sna sonraíochtaí nua le haghaidh na réimsí agus na n-ábhar curaclaim. Cuirfear tús leis an obair ar na sonraíochtaí sin nuair a thabharfar *Creat Curaclaim na Bunscoile* chun críche i ndiaidh an chomhairliúcháin.



**Tábla 2:** Tréithe gach príomhinniúlachta

| Príomhinniúlacht | Tréithe |
|---|---|
| **A bheith i do shaoránach gníomhach** | • Tuiscint a fhorbairt ar mo chearta agus freagrachtaí féin agus ar chearta agus freagrachtaí daoine eile agus gníomhú dá réir<br>• Taithí a fháil ar fhoghlaim trí chleachtais dhaonlathacha<br>• Éagóir agus neamhionannas a aithint, chomh maith le bealaí chun gníomhú<br>• An cumas a fhorbairt roghanna a dhéanamh ar son todhchaí inbhuanaithe |
| **A bheith cruthaitheach** | • Páirt a ghlacadh in eispéiris chruthaitheacha agus chultúrtha agus sult a bhaint astu<br>• A bheith fiosrach<br>• A bheith samhlaíoch<br>• A bheith nuálach<br>• Próisis chruthaitheacha a úsáid<br>• Bealaí éagsúla cumarsáide a fhiosrú agus a phlé |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach** | • Cumarsáid a dhéanamh agus comhoibriú le daoine eile trí mheán na teicneolaíochta digití<br>• Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun rochtain a fháil ar ábhar, anailís a dhéanamh air agus é a bhainistiú<br>• Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cruthú ábhair, réiteach fadhbanna agus cruthaitheacht a chumasú<br>• Idirghníomhú go heiticiúil agus go freagrach leis an teicneolaíocht dhigiteach |
| **A bheith matamaiticiúil** | • Smaoineamh agus cumarsáid a dhéanamh go matamaiticiúil<br>• Úsáid a bhaint as an matamaitic le fadhbanna a réiteach agus le ciall a bhaint as an saol<br>• A bheith ag meas, ag tuar agus ag ríomh<br>• Caidrimh, treochtaí, naisc agus patrúin a aithint<br>• Faisnéis agus sonraí a léirmhíniú agus a phróiseáil |
| **Cumarsáid a dhéanamh agus teanga a úsáid** | • Forbairt a dhéanamh ar thuiscint focal agus teanga agus ar an sásamh a bhaintear astu<br>• Scileanna cainte a fhorbairt<br>• Léamh ar mhaithe le sult a bhaint as agus léamh le tuiscint chriticiúil<br>• Scríobh chun críocha éagsúla agus le haghaidh luchtanna léite éagsúla<br>• Téacsanna éagsúla a chruthú agus a iniúchadh |
| **Folláine a chothú** | • Tuiscint a léiriú ar conas roghanna maithe a dhéanamh i dtaobh folláine<br>• Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht choirp le muinín agus scil atá ag dul i méid an t-am ar fad<br>• A bheith féinfheasach agus acmhainneach<br>• Gníomhú go freagrach agus aire a thabhairt duit féin agus do dhaoine eile<br>• A bheith spioradálta agus cuspóir agus brí a bheith agat sa saol<br>• A bheith dícheallach agus solúbtha agus tú ag iarraidh fadhbanna a réiteach<br>• A bheith in ann measúnú a dhéanamh ar riosca agus freagairt dó |
| **Foghlaim le bheith i d'fhoghlaimeoir** | • A bheith ag súgradh, ag foghlaim agus ag obair *le* daoine eile<br>• Aire a thabhairt do dhaoine eile agus ionbhá a bheith agat leo<br>• A bheith in ann machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim<br>• Caidrimh dhearfacha a chothú agus a chaomhnú<br>• Déileáil le coimhlint<br>• Meas a léiriú ar éagsúlacht<br>• Foghlaim *faoi* dhaoine eile |

## Réimsí agus ábhair sa churaclam

Cuirfear an curaclam athfhorbartha i láthair ina chúig réimse curaclaim leathana. Is iad sin:

1. Teanga
2. Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta
3. Folláine
4. Oideachas Ealaíon
5. Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Mar a thaispeántar i bhFíor 3, roinntear na réimsí curaclaim ina n-ábhair níos mó de réir mar a théann na páistí ó rang go rang sa bhunscoil.

Sa bhreis ar na cúig réimse thuas, tá ceart dlíthiúil ag pátrúin scoile a gclár féin a dhearadh de réir éiteas na scoile. Is cuid de thaithí foghlama na bpáistí i mbunscoileanna é an clár sin.

Leagtar amach i bhfíor 3 na réimsí curaclaim agus na hábhair atá i gceist.

**Fíor 3:** Réimsí agus ábhair sa churaclam

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **CÉIM 1 AGUS 2 (NAÍONÁIN SHÓISEARACHA-RANG A 2)** | TEANGA (GAEILGE AGUS BÉARLA) | OIDEACHAS MATAMAITICE, EOLAÍOCHTA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA | FOLLÁINE | OIDEACHAS EALAÍON * | OIDEACHAS SÓISIALTA AGUS IMSHAOIL | OIDEACHAS REILIGIÚIN/EITICIÚIL/ILCHREIDMHEACH-CLÁR AN PHÁTRÚIN |
| **CÉIM 3 AGUS 4 (RANG A 3 -RANG A 6)** | GAEILGE<br>BÉARLA<br>NUATHEANGACHA IASACHTA | MATAMAITIC<br>EOLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT | CORPOIDEACHAS AGUS OIDEACHAS SLÁINTE<br>OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS LUACHANNA | NA HAMHARCEALAÍONA<br>CEOL<br>DRÁMAÍOCHT<br>AGUS GNÉITHE EILE M.SH. DAMHSA, SCANNÁIN AGUS NA MEÁIN DHIGITEACHA | STAIR<br>TÍREOLAÍOCHT | OIDEACHAS REILIGIÚIN/EITICIÚIL/ILCHREIDMHEACH-CLÁR AN PHÁTRÚIN |

* Bheadh torthaí foghlama leathana san Oideachas Ealaíon fós ag tacú le foghlaim sna hamharcealaíona, sa cheol agus sa drámaíocht, chomh maith le bheith ag tacú le gnéithe eile den Oideachas Ealaíon, cuir i gcás damhsa, scannánaíocht agus na meáin dhigiteacha, agus ag cur ar chumas scoileanna páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus i ndeiseanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Thacódh na torthaí foghlama le heispéiris foghlama chomhtháite i gcéim 1-2 freisin. Cé go bhfuil comhphróiseas cruthaitheach ag disciplíní taobh istigh den Oideachas Ealaíon agus cé go bhfuil scileanna inaistrithe i bpáirt acu, tá a chuid eolais, coincheap agus scileanna féin ag gach ceann acu. Chinnteodh torthaí foghlama a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith i gcéim 3-4, taobh le tacar torthaí níos leithne a bhaineann leis na hábhair go léir, go mbeadh Oideachas Ealaíon leathan agus cothrom ag páistí.

### Céim 1 agus 2: Naíonáin shóisearacha – rang a dó

Tá baint ag na réimsí curaclaim lena chéile agus tá trasnáil eatarthu. Tacaíonn siad le foghlaim agus forbairt páistí níos óige i gcéim 1 agus 2 (naíonáin shóisearacha go rang a dó) ach tógáil ar na heispéiris foghlama a bhí acu sa réamhscoil trí *Aistear* agus iad a shíneadh. Tacaíonn na réimsí curaclaim le cur chuige comhtháite i leith teagaisc agus foghlama. Uasmhéadaíonn naisc trasna na réimsí comhtháthú curaclaim agus tacaíonn siad le dul chun cinn san fhoghlaim. Aithníonn réimsí curaclaim aois na bpáistí níos óige agus a gcéim forbartha, agus tugann siad rogha níos mó don mhúinteoir ó thaobh eispéiris foghlama shaibhre chomhleanúnacha, agus ábhartha, trí chineálacha cur chuige spraíúla agus mealltacha, a phleanáil agus a éascú. Tá ábhair i gceist i gcás dhá réimse curaclaim le haghaidh chéim 1 agus 2 – Teanga, agus Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta. Cé nach bhfuil ábhair sainmhínithe go sonrach i réimsí curaclaim na Folláine, an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil agus an Oideachais Ealaíon le haghaidh chéim 1 agus 2, leagfaidh na torthaí foghlama bunchlocha tábhachtacha síos i dtreo foghlaim atá bunaithe ar ábhair.

### Céim 3 agus 4: Rang a trí – rang a sé

Tacaíonn na réimsí curaclaim le foghlaim agus le forbairt na bpáistí níos sine i gcéim 3 agus 4 (rang a trí go rang a sé) ach bunchloch láidir a leagan síos le haghaidh foghlaim atá bunaithe ar ábhair. Roinntear réimsí curaclaim níos mó ina n-ábhair de réir mar a fhásann feasacht na bpáistí ar ábhair mar bhealach chun an domhan a eagrú. Leantar fós ag soláthar deiseanna tábhachtacha le haghaidh múineadh agus foghlaim i modhanna atá comhtháite agus gníomhach. Tá torthaí foghlama a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith i ngach réimse curaclaim. Cuireann na torthaí foghlama sin lena chéile agus tarraingíonn siad ar na hábhair eile taobh istigh den réimse curaclaim sin. Tacaíonn sé sin le ceangail ar fud foghlaim páistí agus, ina theannta sin, aithníonn sé a n-acmhainn le haghaidh smaointeoireacht agus foghlaim níos teibí ach caitheamh le coincheapa, scileanna agus eolas ar bhealach atá aois-oiriúnach, taobh istigh d'fhiosrú agus d'imscrúdú ábharbhunaithe. I gcéim 3 agus 4 tugann na réimsí curaclaim deiseanna a sholáthar maidir le teagasc agus foghlaim bunaithe ar fhiosrú agus súgradh, ag cur leis an mbunchloch láidir a leagtar i gcéim 1 agus 2.

Ó foilsíodh an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta in 2011, cuimsíonn sonraíochtaí curaclaim nua agus uasdátaithe torthaí foghlama. Baintear úsáid as torthaí foghlama i g*Curaclam Teanga na Bunscoile/ Primary Language Curriculum*, an chéad chuid den churaclam a athfhorbraíodh le haghaidh bunscoileanna. Beidh na ceannteidil chéanna i gclár an ábhair sna sonraíochtaí le haghaidh na gceithre réimse curaclaim eile is atá sa tsonraíocht le haghaidh réimse na teanga (féach Tábla 3).

**Tábla 3:** Comhpháirteanna sna sonraíochtaí curaclaim

| Cuid | Ceannteideal | Cur síos |
|---|---|---|
| 1 | **Réamhrá** | Achoimre ar an mbonn fealsúnachta agus oideachais atá faoin réimse curaclaim. |
| 2 | **Réasúnaíocht** | Cur síos ar chineál agus ar ról an réimse curaclaim taobh istigh de churaclam leathan na bunscoile. |
| 3 | **Aidhmeanna** | Fís don réimse curaclaim curtha in iúl trí shraith aidhmeanna. |
| 4 | **Snáitheanna agus gnéithe** | Roinnfear gach réimse curaclaim ina shnáitheanna agus déanfaidh na gnéithe cur síos ar an bhfoghlaim bhunriachtanach i ngach snáithe. |
| 5 | **Torthaí foghlama** | Déanfaidh torthaí foghlama cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo ó gach páiste tar éis tréimhse ama. |
| 6 | **Uirlisí úsáide** | Tacóidh uirlisí úsáide ar líne le múinteoirí trasna na gcomhthéacsanna scoile éagsúla ó thaobh úsáid a bhaint as na torthaí foghlama chun tacú le foghlaim gach páiste. Chun é sin a dhéanamh, tabharfar tacaíocht phraiticiúil sna huirlisí úsáide ó thaobh eispéiris foghlama shaibhre a ullmhú, a phleanáil agus a chur ar fáil do pháistí, chomh maith le heolas ó mheasúnú a bhailiú agus a úsáid chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim amach anseo. Cuirfear an tacaíocht sin in oiriúint do phleanáil uile-scoile agus do phleanáil seomra ranga araon.<br><br>I gcás gach réimse curaclaim, beidh Samplaí d'Fhoghlaim na bPáistí sna huirlisí úsáide. Baileofar na samplaí sin ó chomhthéacsanna scoile éagsúla agus léireoidh siad na cineálacha eispéireas agus gníomhaíochtaí ar féidir leo tacú le dul chun cinn i dtreo torthaí foghlama áirithe sa churaclam. Tarraingeoidh na huirlisí úsáide ar thaighde agus beidh Ábhar Tacaíochta iontu freisin a tharraingíonn aird ar chineálacha cur chuige oideolaíochta a bhfuil éifeacht ar leith leo ó thaobh cabhrú le gach páiste chun dul chun cinn a dhéanamh agus taitneamh a bhaint as an bhfoghlaim.<br><br>I gcás Teanga agus Matamaitice, beidh Contanaim Dul chun Cinn sna huirlisí úsáide. |

Mar a rinneadh i gcás *Churaclam Teanga na Bunscoile/ Primary Language Curriculum*, cuirfear gach réimse curaclaim le haghaidh chéim 1 go 4 i láthair taobh istigh d'aon cháipéis amháin. I gcás chéim 3 agus 4, tabharfaidh sé sin deiseanna chun naisc níos láidre a chruthú idir na hábhair agus chun dúbláil taobh istigh den réimse a sheachaint. Anuas air sin, agus ag tarraingt ar an gcuraclam teanga nua, cuirfear na torthaí foghlama le haghaidh gach ceann de na ceithre chéim i láthair taobh le taobh chun dul chun cinn san fhoghlaim a thaispeáint agus chun idirdhealú a dhéanamh idir eispéiris foghlama do pháistí, mar shampla, i seomraí ranga ilghrád.

Tugtar breac-chuntas ar gach réimse curaclaim sna hailt seo a leanas. Cíorfaidh Meithleacha Forbartha an CNCM, a bhunófar chun a bheith ag obair ar an tsonraíocht le haghaidh gach réimse curaclaim, na breac-chuntais sin a thuilleadh. Cuirfidh na Meithleacha seo, a mbeidh ionadaithe de chuid na gcomhpháirtithe oideachais iontu, tús leis an obair ar na sonraíochtaí curaclaim in 2021. Beidh tuilleadh comhairliúcháin ann ina dhiaidh sin ar gach dréachtsonraíocht.

### Teanga

Cuireann foghlaim teangacha ar chumas páistí an domhan mórthimpeall orthu a thuiscint agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine eile. Is iomaí cineál cumarsáide atá ann, ó chumarsáid neamhbhriathartha agus bhriathartha go téacsanna clóite agus digiteacha. Ach éagsúlacht mhór téacsanna a léamh, cothaítear tuiscint páistí do litríocht ó chultúir éagsúla agus an taitneamh a bhaineann siad aisti. Cuireann teanga ar chumas páistí a bheith rannpháirteach ó thaobh na mothúchán de, go sóisialta, go cognaíoch, go samhlaíoch agus go haeistéitiúil i gcaidrimh agus in eispéiris chultúrtha. Ach deiseanna a chur ar fáil do pháistí a bheith cruthaitheach trí theanga, is mó seans a bheidh ann go mbainfidh siad taitneamh as a bheith ag foghlaim teanga. Aithnítear sa churaclam na haistir foghlama teanga ar a bhfuil gach páiste sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Aithnítear freisin éagsúlacht na dteangacha a labhraítear i mbunscoileanna na hÉireann agus baintear leas aisti. Tacaítear le nuatheangacha iasachta a thabhairt isteach i gcéim 3 agus 4, ag tógáil diaidh ar ndiaidh ar an eolas agus feasacht ar theanga atá ag páistí cheana féin agus ag dul chun cinn go múnla inniúlachta i gcéim 4 (féach ar: www.ncca.ie/en/resources/primary-curriculum-review-and-redevelopment-background-paper-integrating-modern-foreign-languages-in-a-redeveloped-primary-curriculum).

### Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta

Tacaíonn Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta le páistí a bheith in ann an domhan mórthimpeall orthu a thuiscint agus páirt iomlán a ghlacadh ann. Is í an Mhatamaitic is bonn leis an Eolaíocht agus leis an Teicneolaíocht agus is é atá inti ná staidéar ar na gaolta, ar na ceangail agus ar na patrúin atá timpeall orainn. An cuspóir uileghabhálach atá leis an Matamaitic ná oilteacht mhatamaiticiúil a fhorbairt. Tá dlúthcheangal idir an Eolaíocht agus an Teicneolaíocht agus cuireann siad ar chumas páistí tairbhe a bhaint as a bheith ag foghlaim faoi theicneolaíochtaí traidisiúnta, faoi theicneolaíochtaí comhaimseartha agus faoi theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus as a bheith ag obair leo. Agus iad ag úsáid teicneolaíochtaí, beidh deiseanna ag páistí chun smaointe nua nó réitigh nua a ghiniúint mar chuid de phróiseas deartha agus trína bheith ag baint triail as rudaí agus ag fiosrú ar bhealach spraíúil[3]. Cuireann siad ar chumas páistí freisin suim a chur sa domhan bitheolaíoch, ábharach agus fisiciúil, agus tuiscint air a fhorbairt, ach coincheapa agus próisis eolaíochta a chíoradh agus a fhiosrú.

### Oideachas Ealaíon

Tá taithí leathan ar na hEalaíona lárnach do pháistí i rith na bunscolaíochta ar fad. Léiríonn agus síneann na hEalaíona tuiscint na bpáistí, a samhlaíocht agus a gcruthaitheacht trí réimse leathan eispéireas. Is féidir le heispéiris den sórt sin aird gach páiste a tharraingt, inspioráid a thabhairt dóibh agus iad a shaibhriú, ag gríosú na samhlaíochta agus á spreagadh lena gcumas cruthaitheach agus a gcumas chun iad féin a chur in iúl a bhaint amach. Tá ról luachmhar ag eispéiris ilchineálacha sna hEalaíona, lena n-áirítear na hamharc-ealaíona, an ceol, an drámaíocht, an damhsa, an scannánaíocht agus na meáin dhigiteacha, in óige na bpáistí agus cabhraíonn siad leo páirt iomlán a ghlacadh sa phobal agus sa tsochaí trí chéile. Cé go bhfuil comhphróiseas cruthaitheach ag disciplíní taobh istigh den Oideachas Ealaíon agus cé go bhfuil scileanna inaistrithe i bpáirt acu, tá a chuid eolais, a choincheapa agus a scileanna féin ag gach ceann acu agus tá luach ann féin ag gach ceann acu.

### Folláine

Tacaíonn folláine le forbairt shóisialta, mhothúchánach agus fhisiciúil na bpáistí anois agus amach anseo. Cuireann sí ar chumas páistí féinfheasacht agus féineolas a fhorbairt, scileanna saoil a thógáil agus braistint láidir a fhorbairt go bhfuil siad ceangailte leis an scoil, leis an bpobal agus leis an tsochaí níos leithne. Chun na scileanna agus na meonta sin a fhorbairt, tá sé tábhachtach do pháistí a dtuiscint eiticiúil féin ar an domhan a fhorbairt agus, ar an gcaoi sin, foghlaim le cinntí maithe a dhéanamh. Spreagtar páistí le luach a chur ar a bhfuil i gceist le bheith i do shaoránach gníomhach, le cearta agus freagrachtaí i gcomhthéacsanna áitiúla agus níos leithne. Tugann Folláine deiseanna struchtúrtha do pháistí a bheith chomh folláin agus is féidir, go fisiciúil agus go mothúchánach.

3 D'oibrigh an CNCM le 40 scoil idir 2017 agus 2019 mar chuid den tionscnamh Códú i mBunscoileanna. Bhí tionchar fiúntach ag na torthaí a tháinig ón tionscamh sin ar an méad atá leagtha amach in Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta. Chun an tuarascáil ar Códú i mBunscoileanna a léamh téigh do dtí www.ncca.ie/en/resources/primary-coding_final-report-on-the-coding-in-primary-schools-initiative

Tarlaíonn sé sin ach iad a spreagadh le tabhairt faoi ghníomhaíocht choirp agus roghanna a bhfuil bonn eolais fúthu a dhéanamh i dtaca le slí mhaireachtála shláintiúil, agus a dtiomantas dóibh sin a thógáil. Ina theannta sin, tacaíonn Folláine le páistí chun luach a chur ar chaidreamh dearfach agus sláintiúil le daoine eile. Cuid de sin is ea tuiscint a fháil ar ghnéasacht an duine atá cothrom agus ceangailte le gné an chaidrimh agus le gné na mothúchán.

## Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Cuireann Oideachas Sóisialta agus Imshaoil le tuiscint agus le forbairt na bpáistí ar na gnéithe agus próisis stairiúla, thíreolaíocha agus sochaí den saol, gnéithe agus próisis atá ceangailte le chéile. Tacaíonn Oideachas Sóisialta agus Imshaoil le feasacht na bpáistí ar an domhan, lena dtuiscint dó agus lena dtuiscint air trí bheith ag foghlaim faoin éagsúlacht shaibhir pobal; a n-eispéiris, a gcultúir, a gcreidimh agus a dtimpeallachtaí ag amanna éagsúla, in áiteanna éagsúla agus i gcúinsí éagsúla. Cabhraíonn sé le páistí freisin tuiscint a fhorbairt ar thimpeallacht an duine agus ar an timpeallacht nádúrtha agus ar an ngaol atá eatarthu.

Léirigh comhairliúchán an CNCM ar churaclam le haghaidh Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic tacaíocht leathan do mhórán den fhoghlaim a cuireadh san áireamh sna moltaí (féach www.ncca.ie/ga/resources/consultationreport_gaeilge_feabhra). Cuireann na réimsí curaclaim Folláine agus Oideachas Sóisialta agus Imshaoil deiseanna ar fáil chun an fhoghlaim sin a chur san áireamh sa churaclam athfhorbartha.

## Oideachas Reiligiúnach/Eiticiúil/Ilchreidmheach – Clár an Phátrúin

Déanann pátrún scoile Clár Pátrúin a fhorbairt chun cur le forbairt iomlán an pháiste, agus dearcadh reiligiúnach agus/nó eiticiúil ar leith á cur san áireamh. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, bíonn an clár mar bhonn agus taca do shainspiorad na scoile. Tá cláracha pátrúin éagsúla i gcóras bunscoile na hÉireann a aithníonn éagsúlacht na pátrúnachta. Is ar bhonn sainchreidmheach nó reiligiúnach a sheasann cuid de na cláracha seo, ag cur béim ar an ról a bhíonn ag forbairt chreidmheach, spioradálta agus mhorálta i saol páistí. I gcuid eile de na cláracha pátrúin, is ar bhonn eiticiúil nó ilchreidmheach a sheasann siad; leagann siad béim ar thuiscint páistí ar eitic agus luachanna agus mar a théann siadsan i bhfeidhm ar shaol an pháiste. Cuireann gach clár pátrúin le forbairt agus féiniúlacht an pháiste agus tacaíonn siad lena nasc leis an bpobal agus leis an tsochaí i gcoitinne.



## Leithdháileadh ama

Tá sé i gceist go gcabhróidh leithdháiltí ama molta le múinteoirí agus le scoileanna agus iad ag obair leis an gcuraclam. Tá dhá chatagóir ama le haghaidh teagaisc, foghlaim agus measúnú sna leithdháiltí sin. Sa tuarascáil comhairliúcháin *Foráis sa Bhunscolaíocht: Comhairliúchán ar Struchtúr an Churaclaim agus ar Am* (CNCM, 2018) (féach ar: https://ncca.ie/ga/resources/foráis-sa-bhunscolaíocht-comhairliúchán-ar-struchtúr-an-churaclaim-agus-ar-am) fuarthas amach gur aontaigh formhór na ndaoine le coincheap an dá chatagóir seo—Iós-Am Curaclaim (leithdháiltí seachtainiúla agus míosúla) agus Am Solúbtha (leithdháiltí míosúla). Cuireann Íos-Am Curaclaim leithdháileadh ama seachtainiúil ar fáil do Theanga, do Mhatamaitic agus d'Fholláine, rud a aithníonn cé chomh bunúsach is atá siad sin i bhfoghlaim na bpáistí sa bhunscoil. Tá leithdháileadh ama míosúil (bunaithe ar thréimhse ceithre seachtaine) ann d'Oideachas Eolaíochta agus Teicneolaíochta, d'Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, agus d'Oideachas Ealaíon. Ach an t-am a leagan síos ar bhonn míosúil, tugann an curaclam níos mó solúbthachta do scoileanna agus do mhúinteoirí ó thaobh cinneadh a dhéanamh cén chaoi is fearr le húsáid a bhaint as an am agus iad ag obair i dtreo na dtorthaí foghlama sna réimsí curaclaim éagsúla. Tugann sé deiseanna do mhúinteoirí freisin bloic ama níos mó a úsáid ina bpleanáil curaclaim le go mbeidh siad in ann úsáid a bhaint as cuir chuige oideolaíocha ar leith ar nós obair thionscadail agus a bheith páirteach i dtionscnaimh áitiúla. Ag an am céanna, laghdaíonn an cur chuige seo an seans go dtabharfar an iomarca airde ar réimse ar leith den churaclam nó nach dtabharfar dóthain airde ar réimse ar leith den churaclam, rud a chinntíonn go mbeidh eispéireas foghlama leathan agus cothrom ag na páistí.

Freagraíonn an dara catagóir, 'Am Solúbtha', do thosaíochtaí oideachais na scoileanna féin anois agus amach anseo. Cinneann gach scoil cén chaoi is fearr leis an am seo a leithdháileadh ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú. Mar a thugann an t-ainm le fios, tá sé i gceist go gcuirfear i bhfeidhm é go solúbtha agus go cruthaitheach. Tá sé i gceist go gcabhróidh Am Solúbtha le scoileanna, ag leibhéal áitiúil, a dhéanamh amach cén chaoi is fearr le húsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun freagairt do riachtanais foghlama, ábhair shuime agus cumais na bpáistí agus do riachtanais múinteoirí agus scoileanna ó thaobh pleanála, teagaisc agus measúnú de. I gcaitheamh na bliana, d'fhéadfadh scoil úsáid a bhaint as Am Solúbtha le haghaidh ceann amháin, cuid nó gach ceann acu seo a leanas:

- tréimhsí fada d'fhoghlaim dhomhain taobh istigh de cheann amháin nó níos mó de na réimsí curaclaim
- gníomhaíochtaí sa scoil uile agus/nó páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus imeachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta
- tionscadal sa cheantar áitiúil a phleanáil agus a chur i gcrích
- díriú ar na príomhinniúlachtaí
- úsáid a bhaint as cuir chuige oideolaíocha a dtéann tréimhsí fada ama chun tairbhe dóibh, mar shampla, súgradh faoi stiúir an pháiste, foghlaim bunaithe ar fhiosrú
- ag obair ar ghné áirithe de Chlár an Phatrúin.

Chun tacú le comhthéacsanna scoile éagsúla chun an leas is fearr a bhaint as Am Solúbtha trí phleanáil scoile uile chúramach, forbrófar treoirlínte agus samplaí den chaoi ar féidir an leithdháileadh ama seo a úsáid. Tacaíocht phraiticiúil a bheidh sa treoir seo agus léireofar cén chaoi a bhféadfaí Am Solúbtha a eagrú agus a dháileadh ar fud churaclam na bunscoile.

Cuirtear trí rogha le haghaidh 'Íos-Am Curaclaim' agus 'Am Solúbtha' i láthair thíos. Faoin dá rogha is féidir am a shainiú thar thréimhse ceithre seachtaine. Tá sé i gceist go dtacóidh na roghanna le plé i gcaitheamh an chomhairliúcháin ar an gcaoi ar féidir am a leithdháileadh i gcuraclam bunscoile athfhorbartha. Ní hionann na leithdháiltí molta seo agus na leithdháiltí atá leagtha amach faoi láthair sa Chreatlach Sheachtainiúil Íos-Ama a Mholtar (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999, lch.70) agus i gCiorclán 0056/2011. Agus na roghanna á bhforbairt, cuireadh go mór san áireamh gur gearradh am de gach réimse agus gné den churaclam, seachas Folláine (Corpoideachas agus OSPS), sosanna agus am súgartha. Rinneadh é seo chun teacht ar raon roghanna a ndéanfaí **plé agus díospóireacht** orthu agus sinn ag machnamh ar an gcineál curaclam a fhreastalóidh ar riachtanais páistí sna cúig bliana déag romhainn. Déanfar cinntí deiridh faoi dháileadh ama dhá fhocal an chomhairliúcháin.

- Faoi Rogha 1 (féach Tábla 4) úsáidtear leithdháiltí seachtainiúla agus míosúla chun íos-leithdháileadh ama a mholadh do gach réimse curaclaim. Tugtar leithdháileadh míosúil i gcás Am Solúbtha.
- Faoi Rogha 2 (féach Tábla 5) cuirtear tuilleadh treorach ar fáil maidir le híos-leithdháiltí ama seachtainiúla do Theanga 1, do Theanga 2 agus do Theanga 3. Cé is moite de Theanga, tá na leithdháiltí ama do na réimsí curaclaim eile mar a chéile le Rogha 1 agus, dá bhrí sin, ní chuirtear san áireamh arís iad i dTábla 6.
- Faoi Rogha 3 (féach Tábla 6) moltar íos-leithdháileadh ama le haghaidh gach réimse curaclaim agus le haghaidh Am Solúbtha agus tugtar treoir bhreise maidir le híos-leithdháiltí ama seachtainiúla do Theanga 1, do Theanga 2 agus do Theanga 3. I gcodarsnacht le rogha 1 agus 2, moltar faoi rogha 3 go leithdháilfí níos mó ama ar Theanga 2 ná Teanga 1 i gcéim 3 agus 4. I gcéim 1, leithdháiltear níos lú ama ar Mhatamaitic agus leithdháiltear am breise ar Oideachas Eolaíochta agus Teicneolaíochta.

**Tábla 4:** Rogha 1

| **Céim 1 (naíonáin shóisearacha agus shinsearacha)** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Leithdháileadh seachtainiúil | | | Leithdháileadh míosúil (ceithre seachtaine) | |
| Teanga | 5 uair an chloig | 45 nóiméad | | 23 uair an chloig |
| Matamaitic | 3 uair an chloig | | | 12 uair an chloig |
| | | | Oideachas Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 2 uair an chloig |
| Folláine | 2 uair an chloig | 30 nóiméad | | 10 n-uair an chloig |
| | | | Oideachas Sóisialta agus Imshaoil | 6 uair an chloig |
| | | | Oideachas Ealaíon | 9 n-uair an chloig |
| | | | Am Solúbtha | 5 uair an chloig |
| **Céim 2 (rang a haon agus rang a dó)** | | | | |
| Leithdháileadh seachtainiúil | | | Leithdháileadh míosúil (ceithre seachtaine) | |
| Teanga | 7 n-uair an chloig | 45 nóiméad | | 31 uair an chloig |
| Matamaitic | 4 uair an chloig | | | 16 uair an chloig |
| | | | Oideachas Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 4 uair an chloig |
| Folláine | 3 uair an chloig | | | 12 uair an chloig |
| | | | Oideachas Sóisialta agus Imshaoil | 9 n-uair an chloig |
| | | | Oideachas Ealaíon | 9 n-uair an chloig |
| | | | Am Solúbtha | 6 uair an chloig |
| **Céim 3 agus 4 (rang a trí go rang a sé)** | | | | |
| Leithdháileadh seachtainiúil | | | Leithdháileadh míosúil (ceithre seachtaine) | |
| Teanga | 7 n-uair an chloig | 45 nóiméad | | 31 uair an chloig |
| Matamaitic | 4 uair an chloig | | | 16 uair an chloig |
| | | | Oideachas Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 5 uair an chloig |
| Folláine | 3 uair an chloig | | | 12 uair an chloig |
| | | | Oideachas Sóisialta agus Imshaoil | 8 n-uair an chloig |
| | | | Oideachas Ealaíon | 8 n-uair an chloig |
| | | | Am Solúbtha | 7 n-uair an chloig |
| **Céim 1-4 (naíonáin shóirsearacha go rang a sé)** | | | | |
| Leithdháileadh seachtainiúil | | | Leithdháileadh míosúil (ceithre seachtaine) | |
| Clár an phátrúin | 2 uair an chloig | | | 8 n-uair a chloig |
| Glaoch an rolla agus am tionóil | 1 uair an chloig | 15 nóiméad | | 5 uair an chloig |
| Sosanna | | 50 nóiméad | | 3 uair an chloig 20nóiméad |
| Caitheamh aimsire | 2 uair an chloig | 30 nóiméad | | 10 n-uair an chloig |

**Tábla 5:** Rogha 2[4]

| **Céim 1 (naíonáin shóisearacha agus shinsearacha)** | | |
|---|---|---|
| Leithdháileadh seachtainiúil | | Leithdháileadh míosúil (ceithre seachtaine) |
| Teanga | 5 uair an chloig 45 nóiméad | 23 uair an chloig |
| *Teanga 1* | *3 uair an chloig 15 nóiméad* | *13 uair an chloig* |
| *Teanga 2* | *2 uair an chloig 30 nóiméad* | *10 n-uair an chloig* |
| **Céim 2 (rang a haon agus rang a dó)** | | |
| Leithdháileadh seachtainiúil | | Leithdháileadh míosúil (ceithre seachtaine) |
| Teanga | 7 n-uair an chloig 45 nóiméad | 31 uair an chloig |
| *Teanga 1* | *4 uair an chloig 45 nóiméad* | *19 n-uair an chloig* |
| *Teanga 2* | *3 uair an chloig* | *12 uair an chloig* |
| **Céim 3 agus 4 (rang a trí go rang a sé)** | | |
| Leithdháileadh seachtainiúil | | Leithdháileadh míosúil (ceithre seachtaine) |
| Teanga | 7 n-uair an chloig 45 nóiméad | 31 uair an chloig |
| *Teanga 1* | *3 uair an chloig 45 nóiméad* | *15 n-uair an chloig* |
| *Teanga 2* | *3 uair an chloig* | *12 uair an chloig* |
| *Teanga 3* | *1 uair an chloig* | *4 uair an chloig* |
| **Céim 1-4 (naíonáin shóirsearacha go rang a sé)** | | |
| Leithdháileadh seachtainiúil | | Leithdháileadh míosúil (ceithre seachtaine) |
| Clár an phátrúin | 2 uair an chloig | 8 n-uair a chloig |
| Glaoch an rolla agus am tionóil | 1 uair an chloig 15 nóiméad | 5 uair an chloig |
| Sosanna | 50 nóiméad | 3 uair an chloig 20 nóiméad |
| Caitheamh aimsire | 2 uair an chloig 30 nóiméad | 10 n-uair an chloig |

4 Faoi Rogha 2 úsáidtear na leithdháiltí ama céanna le Rogha 1, ach tá an t-am le haghaidh Teanga sainithe a thuilleadh, i.e. Teanga 1, Teanga 2 agus Teanga 3. I scoileanna lán-Ghaeilge, Gaelscoileanna agus scoileanna sa Ghaeltacht, áit a mbíonn tumoideachas sa Ghaeilge ar siúl, ní mór machnamh ar leith a dhéanamh ar leithdháiltí teanga. Sna comhthéacsanna seo, is í an Ghaeilge an meán trína bhfuil fáil ar an gcuraclam go léir, ach amháin curaclam an Bhéarla. Chun tacú le sealbhú na Gaeilge, is féidir tús fhoghlaim fhoirmiúil an Bhéarla a chur siar go dtí rang a haon.

**Tábla 6:** Rogha 3[5]

| Céim 1 (naíonáin shóisearacha agus shinsearacha) | | | |
|---|---|---|---|
| Leithdháileadh seachtainiúil | | Leithdháileadh míosúil (ceithre seachtaine) | |
| Teanga | 5 uair an chloig 45 nóiméad | | 23 uair an chloig |
| *Teanga 1* | *2 uair an chloig 45 nóiméad* | | *11 uair an chloig* |
| *Teanga 2* | *3 uair an chloig* | | *12 uair an chloig* |
| Matamaitic | 2 uair an chloig 45 nóiméad | | 11 uair an chloig |
| | | Oideachas Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 3 uair an chloig |
| Folláine | 2 uair an chloig 30 nóiméad | | 10 n-uair an chloig |
| | | Oideachas Sóisialta agus Imshaoil | 6 uair an chloig |
| | | Oideachas Ealaíon | 9 n-uair an chloig |
| | | Am Solúbtha | 5 uair an chloig |
| **Céim 2 (rang a haon agus rang a dó)** | | | |
| Leithdháileadh seachtainiúil | | Leithdháileadh míosúil (ceithre seachtaine) | |
| Teanga | 7 n-uair an chloig 45 nóiméad | | 31 uair an chloig |
| *Teanga 1* | *3 uair an chloig 45 nóiméad* | | *15 uair an chloig* |
| *Teanga 2* | *4 uair an chloig* | | *16 uair an chloig* |
| Matamaitic | 4 uair an chloig | | 16 uair an chloig |
| | | Oideachas Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 4 uair an chloig |
| Folláine | 3 uair an chloig | | 12 uair an chloig |
| | | Oideachas Sóisialta agus Imshaoil | 8 n-uair an chloig |
| | | Oideachas Ealaíon | 10 n-uair an chloig |
| | | Am Solúbtha | 6 uair an chloig |
| **Céim 3 agus 4 (rang a trí go rang a sé)** | | | |
| Leithdháileadh seachtainiúil | | Leithdháileadh míosúil (ceithre seachtaine) | |
| Teanga | 7 n-uair an chloig 45 nóiméad | | 31 uair an chloig |
| *Teanga 1* | *2 uair an chloig 45 nóiméad* | | *11 uair an chloig* |
| *Teanga 2* | *4 uair an chloig* | | *16 uair an chloig* |
| *Teanga 3* | *1 uair an chloig* | | *4 uair an chloig* |
| Matamaitic | 4 uair an chloig | Matamaitic | 16 uair an chloig |
| | | Oideachas Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 6 uair an chloig |
| Folláine | 3 uair an chloig | | 12 uair an chloig |
| | | Oideachas Sóisialta agus Imshaoil | 8 n-uair an chloig |
| | | Oideachas Ealaíon | 8 n-uair an chloig |
| | | Am solúbtha | 6 uair an chloig |
| **Céim 1-4 (naíonáin shóirsearacha go rang a sé)** | | | |
| Leithdháileadh seachtainiúil | | Leithdháileadh míosúil (ceithre seachtaine) | |
| Clár an phátrúin | 2 uair an chloig | | 8 n-uair a chloig |
| Glaoch an rolla agus am tionóil | 1 uair an chloig 15 nóiméad | | 5 uair an chloig |
| Sosanna | 50 nóiméad | | 3 uair an chloig 20 nóiméad |
| Caitheamh aimsire | 2 uair an chloig 30 nóiméad | | 10 n-uair an chloig |

5 Mar a luaitear san fhonóta thuas, ní mór machnamh ar leith a dhéanamh ar leithdháiltí teanga i scoileanna lán-Ghaeilge ina mbíonn tumoideachas ar siúl. Go sonrach, d'fhéadfadh sé a bheith deacair beagán níos mó ama a thabhairt do T2 i gcás mar sin agus iad ag iarraidh tacú le sealbhú teanga sa Ghaeilge.

## Aistriú, leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim páistí

Tagann páistí chun na bunscoile le heispéiris shaibhre ilchineálacha arna múnlú ag a dteaghlach agus ag a bpobal agus, níos minice agus níos minice, ag suíomhanna luathóige, réamhscoileanna san áireamh. Óna heispéiris sin agus tríothu, forbraíonn siad dearcthaí, coincheapa, meonta, eolas, scileanna agus luachanna. Aithníonn an curaclam an fhoghlaim sin agus an tábhacht a bhaineann le tógáil uirthi agus páistí ag leanúint dá n-aistear foghlama sa bhunscoil sula dtéann siad go dtí an iar-bhunscoil.

Caitheann páistí ocht mbliana sa bhunscoil. Mar a luaitear san fhís, leagtar síos bunsraith thábhachtach do gach páiste sna blianta seo le go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath, agus tacaítear leo chun a gcumas a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí i gcaitheamh a n-óige agus amach anseo. I rith bhlianta na bunscoile ar fad, bíonn deiseanna ag páistí a bheith ag foghlaim trí eispéiris atá spraíúil agus tarraingteach mar is cuí. Múnlaíonn cúig réimse curaclaim, atá ceangailte le chéile, na heispéiris sin. Bíonn leanúnachas taithí agus dul chun cinn san fhoghlaim tábhachtach i rith na n-ocht mbliana seo. Tacaíonn an curaclam leis sin ar roinnt bealaí.

- Tógann na n-ocht bprionsabal leo siúd in *Aistear* agus tá siad ceangailte leis an ocht bprionsabal sa *Chreat don tSraith Shóisearach*.
- Ar an gcaoi chéanna, síneann seacht bpríomhinniúlacht an churaclaim foghlaim na bpáistí trí cheithre théama *Aistear* agus leagann siad bunchloch thábhachtach le haghaidh phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí.
- Cuirtear foghlaim na bpáistí i láthair i gcúig réimse curaclaim. Bainfidh na sonraíochtaí le haghaidh na réimsí seo, atá le forbairt sna blianta atá amach romhainn, úsáid as torthaí foghlama chun cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim na bpáistí ag deireadh tréimhse ama. Aithneoidh na torthaí go bhfoghlaimíonn páistí agus go múineann múinteoirí i gcomhthéacsanna éagsúla scoile agus gur féidir go mbeidh na haistir theagaisc/foghlama difriúil sna comhthéacsanna sin, agus gur minic a bhíonn. Tá sé tábhachtach a lua go n-aithneoidh na torthaí go déanann páistí dul chun cinn ar rátaí difriúla agus iad faoi thionchar ag a gcúinsí, a n-eispéiris agus a gcumais éagsúla.
- Cuirfear an curaclam athfhorbartha i láthair i gcúig cháipéis—ceann le haghaidh gach réimse curaclaim. I gcás chéim 3 agus 4, cuimseoidh gach réimse torthaí foghlama atá níos ábharbhunaithe a chuirfear i láthair taobh leis na torthaí le haghaidh chéim 1 agus 2. Cruthóidh an cur chuige seo i leith cur i láthair deiseanna praiticiúla le taispeáint cén áit ar féidir comhtháthú trasna snáitheanna, ábhar agus réimsí curaclaim a bhaint amach ó naíonáin go rang a sé. Is féidir leis sin, dá réir sin, tacú le pleanáil ag leibhéal an réimse curaclaim seachas ag leibhéal an ábhair.
- Cuid den bhunoideachas do pháistí is ea príomhaistrithe lena n-áirítear, don chuid is mó acu, an t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus an t-aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Tá tábhacht ar leith ag baint le faisnéis i dtaca le foghlaim agus forbairt a roinnt ag na pointí aistrithe seo ionas go mbeidh múinteoirí in ann eispéiris a phleanáil a chuireann ar chumas páistí leanúint den dul chun cinn ina gcuid foghlama trasna an churaclaim. Tacaítear leis an aistriú faisnéise seo trí na teimpléid um thuairisciú i *Mo Scéal*: *Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil* agus tríd an b*Pas Oideachais*. Cabhraíonn na teimpléid i *Mo Scéal* leis an scéal a insint faoi fhoghlaim agus forbairt páiste sa réamhscoil agus, dá bhrí sin, is féidir leo faisnéis úsáideach a chur ar fáil chun tacú le múinteoirí agus iad ag ullmhú d'fhoghlaim na bpáistí sna laethanta luatha den bhunscoil. Tacaíonn an *Pas Oideachais* le faisnéis faoi pháistí i rang a sé a roinnt le hiar-bhunscoileanna. Cuireann an t-aistriú faisnéise seo pictiúr cuimsitheach de dhul chun cinn agus gnóthachtáil na bpáistí sa bhunscoil ar fáil, cinntíonn sé leanúnachas agus dul chun cinn san fhoghlaim, agus cuireann sé iar-bhunscoileanna ar an eolas má bhíonn tacaíocht bhreise de dhíth. Ach an caidreamh idir an réamhscoil agus an bhunscoil agus an caidreamh idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil a thógáil, is féidir tacú le páistí agus lena dteaghlaigh ag an dá phríomhphointe aistrithe seo.
- Bíonn aistriú i gceist i gcaitheamh na bunscoile freisin agus páistí ag dul ó rang amháin go dtí an chéad rang eile. I rith an ama seo, baineann múinteoirí úsáid as faisnéis a bailíodh trí mheasúnú iomasach agus pleanáilte agus trí mheasúnachtaí chun gníomhaíochtaí agus eispéiris tharraingteacha lánbhrí a mhúnlú do pháistí, rud a chabhraíonn le dul chun cinn ina gcuid foghlama. Nuair a bhogann páistí ó mhúinteoir amháin go múinteoir eile, ag tús scoilbhliana nua nó mar chuid den ghnáthamh laethúil/seachtainiúil, tá sé tábhachtach go mbeidh deiseanna ag na múinteoirí sin le haghaidh comhráite gairmiúla faoi fhoghlaim an pháiste agus faoin gcaoi ar féidir tacú leo a thuilleadh ina gcuid foghlama.

Agus iad ag gluaiseacht ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil, bíonn páistí fós ag tógáil ar eispéiris a bhí acu roimhe sin mar go dtacaítear lena gcuid foghlama tríd an g*Creat don tSraith Shóisearach*. Leagann a bhfoghlaimíonn siad sa bhunscoil agus an chaoi a bhfoghlaimíonn siad é bunchloch láidir le haghaidh a gcuid foghlama sa tsraith shóisearach.

## Teagasc agus foghlaim

Cuireann an fhís agus na prionsabail atá ag treorú athfhorbairt churaclam na bunscoile teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin i gcroílár an churaclaim sin. Gné lárnach de sin is ea caidrimh mar aon leis an tsraith cur chuige agus straitéisí oideolaíocha a dtarraingíonn múinteoirí orthu agus a mbaineann siad úsáid astu ina gcleachtas agus iad ag dearadh, ag pleanáil agus ag soláthar eispéireas, gníomhaíochtaí agus tascanna atá curtha in oiriúint do na páistí ina rang agus a oibríonn i dtreo na dtorthaí foghlama sa churaclam. Múnlaíonn láidreachtaí, riachtanais, ábhar spéise agus indibhidiúlacht na bpáistí a mbíonn siad ag obair leo cinntí na múinteoirí i dtaca le céard a mhúinfidh siad, cathain a mhúinfidh siad é, cén t-ord ina ndéanfaidh siad é agus cén luas a bheidh faoin bhfoghlaim, chomh maith le cinntí faoi na heispéiris shonracha a úsáidfidh siad.

Sa chuid seo féachtar ar an tábhacht a bhaineann le hOideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht, le hOideolaíocht agus le Comhtháthú mar ghnéithe lárnacha de theagasc agus foghlaim ardchaighdeáin i gcuraclam na bunscoile.

### Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht


Tá oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht dírithe ar na luachanna agus cleachtais a chuireann ar chumas páistí, mar dhaoine aonair, a bheith ar a suaimhneas, a bheith muiníneach agus a mhothú go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad sábháilte ionas go mbeidh siad in ann tabhairt faoi fhoghlaim lánbhrí agus a gcumas a bhaint amach. I gcomhthéacs curaclaim atá deartha do chách, spreagann oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht daoine chun éirí as a bheith ag smaoineamh i dtéarmaí cumais agus míchumais agus, ina áit sin, a bheith ag smaoineamh faoi inathraitheacht, faoi inniúlacht agus faoi dheiseanna. Baineann sé le leas gach páiste, ag cur san áireamh go mbíonn gach páiste éagsúil maidir le hinniúlacht, teanga, cúlra teaghlaigh, aois, cultúr, stádas eitneach, reiligiún, inscne agus féiniúlacht ghnéis. Cuireann sé cothromas deiseanna agus rannpháirtíochta chun cinn ina mbíonn páirt lánbhrí agus dúshlán san fhoghlaim ag gach páiste, chomh maith le hidirghníomhaíocht dhearfach lena gcuid comhscoláirí agus le daoine eile i bpobal na scoile.

Tacaíonn an curaclam le scoileanna chun eispéireas foghlama ionchuimsitheach a chur ar fáil do gach páiste sa bhunscoil agus iad ag imeacht ón timpeallacht foghlama sa bhaile nó ón réamhscoil. Trína fhís agus trína chuid prionsabal, spreagann an curaclam tuiscint do chumais uathúla, ábhair spéise, cultúr, teanga agus cúlra na bpáistí. Agus an t-eolas sin mar bhonn eolais acu agus le hachmhainní cuí, is féidir le múinteoirí bunscoile atmaisféar scoile measúil a chothú agus a gcuraclam agus a gcuid idirghníomhaíochta a thógáil chun prionsabail ionchuimsitheacha a chur chun cinn go réamhghníomhach sa scoil. Ach an éagsúlacht a aithint, is féidir le múinteoirí dearbhú a thabhairt do gach páiste sa rang agus gean a bheith acu orthu. Trí eispéiris foghlama éagsúla, déanann páistí ceangail le teangacha, cultúir agus cruinneshamhlacha ilchineálacha. Cabhraíonn sé sin le pobail scoile a thógáil a chothaíonn inathraitheacht foghlaimeoirí agus a fhreagraíonn di, rud a chothaíonn braistint chómhuintearais do chách.

#### *Gaol le teagasc, foghlaim agus measúnú i dtimpeallachtaí scoile*

I dtimpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha, déantar iarracht baic a bhaint le go mbeidh an fhoghlaim níos lánbhrí agus níos ábhartha do gach páiste, go háirithe dóibh siúd a bhfuil an baol is mó ann go bhfágfar ar an taobh amuigh iad. Aithnítear freisin go mbíonn dúshláin ag baint le timpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha a chruthú. Tá roinnt príomhchur chuige ann ar chóir do scoileanna agus do mhúinteoirí iad a ghlacadh chun timpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha a fhorbairt. Áirítear orthu sin:

- A thuiscint go bhfuil riachtanais, tuairimí, cultúir agus creidimh aonair ag páistí ar gá iad a aithint agus a thuiscint, caiteamh leo le meas agus iad a léiriú i rith a gcuid blianta sa bhunscoil.
- Oideolaíochtaí agus cleachtais mhothálacha a chur chun cinn ionas go mbraithfidh gach páiste agus teaghlach go bhfuil siad á gcur san áireamh, go bhfuil luach orthu agus go bhfuiltear á dtabhairt faoi deara.
- A bheith ag obair i gcomhpháirtíocht agus cumarsáid a dhéanamh le teaghlach an pháiste agus leis an bpobal níos leithne.



- A aithint go bhfuil gach páiste uathúil agus go mbeidh siad ag forbairt agus ag foghlaim ar a ráta féin, agus meas a bheith air sin.
- Páistí a spreagadh lena gcuid saintréithe aonair agus na tréithe atá i bpáirt acu lena gcomhpháirtithe a aithint.
- Deis a thabhairt do pháistí a bheith páirteach nuair atá cinntí á ndéanamh faoina gcuid foghlama féin.
- Meas a bheith ar éagsúlacht an pháiste, a theaghlaigh agus a phobail i rith a thréimhse sa bhunscoil.

Tacóidh an curaclam bunscoile athfhorbartha le scoileanna ar roinnt bealaí agus iad ag obair i dtreo timpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha a chruthú:

- Tarraingeoidh an próiseas trína bhforbrófar na sonraíochtaí curaclaim ar na prionsabail a bhaineann leis an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a bhfuil sé mar aidhm leis cothromas rochtana, rannpháirtíochta agus dúshláin a chur ar fáil do gach foghlaimeoir ina gcuid foghlama.
- Déanfar cur síos sna sonraíochtaí ar fhoghlaim na bpáistí trí thorthaí foghlama leathana ar féidir le múinteoirí iad a léirmhíniú go háitiúil agus a chuireann éagsúlachtaí i riachtanais foghlama páistí san áireamh.
- Beidh samplaí ag tacú leis na sonraíochtaí curaclaim. Sna samplaí sin cuirfear i láthair eispéiris agus oideolaíochtaí a léiríonn meas ar éagsúlacht na bpáistí inár scoileanna.
- Beidh réimsí nua foghlama á dtabhairt isteach, cuir i gcás iad siúd a dtacaítear leo sa chomhairliúchán ar Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic, nuatheangacha iasachta, agus ról na héagsúlachta teangacha sa churaclam teanga nua, *Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum*, agus tacaíonn sé sin ar fad le heispéireas oideachais níos leithne do pháistí i mblianta na bunscoile.
- Tá na Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí a bhfuil Míchumais Foghlama Ghinearálta acu (CNCM, 2007) bunaithe ar Churaclam na Bunscoile 1999. De réir mar a dhéanfar athfhorbairt ar an gcuraclam, agus ag tógáil ar an obair a rinneadh le haghaidh *Churaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum*, féachfar arís ar na treoirlínte agus bainfear úsáid astu chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt Ábhar Tacaíochta nua i ngach réimse den churaclam lena bhfoilsiú sna hUirlisí Úsáide Curaclaim ar líne. Cuirfidh na hÁbhair Thacaíochta sin samplaí ar fáil de chuir chuige agus straitéisí oideolaíochta ar leith chun tacú le múinteoirí ina gcuid oibre le riachtanais ilchineálacha na bpáistí ina seomra ranga.

## Oideolaíocht

Aithnítear i bhfís agus i bprionsabail an churaclaim gur gairmithe tiomanta, sciliúla agus gníomhaíocha iad múinteoirí i ról casta a chuimsíonn eolas agus feasacht ar éagsúlacht aistir foghlama na bpáistí. Tagraíonn an téarma ‘oideolaíocht’ don ról sin agus tugann sé san áireamh raon chleachtas na múinteoirí. Bíonn nasc ag gnéithe difriúla den oideolaíocht le chéile agus bíonn siad ag idirghníomhú le chéile, rud a fhorbraíonn pictiúr iomlánaíoch de chleachtas gairmiúil múinteoirí.

### *Gnéithe den oideolaíocht*

Tá eolas i gcroílár ról an mhúinteora agus a (h)oideolaíochta:

- Eolas ábhair atá le roinnt le páistí nó le cur ar fáil dóibh trí eispéiris foghlama, agus eolas ar na scileanna a theastaíonn uathu chun teacht ar an eolas ábhair sin.
- Eolas gairmiúil an mhúinteora ar fhorbairt an pháiste, mar shampla, agus ar réimse leathan cur chuige oideolaíochta.
- Eolas caidrimh agus tuiscint ar na páistí, ar a dteaghlaigh agus ar an bpobal.
- Eolas ar chomhthéacs an tseomra ranga agus na scoile.

Níl sé i gceist gur cur síos críochnaitheach ar ról an eolais in oideolaíocht mhúinteora a bheadh anseo, ach léiriú ar phrionsabal an churaclaim i dtaca leis an ról ríthábhachtach atá ag múinteoirí ó thaobh foghlaim na bpáistí a chumasú agus a chur chun cinn.

Tá caidreamh i gcroílár oideolaíochta atá fréamhaithe i dtaithí na bpáistí. Aithníonn an curaclam luach an réimse iomláin caidrimh—neamhfhoirmiúil agus foirmiúil, pleanáilte agus trí thimpiste, sóisialta nó cognaíoch—idir an múinteoir agus na páistí agus go gcuireann siad le caighdeán thimpeallacht foghlama agus eispéiris foghlama na bpáistí. Na hidirghníomhaíochtaí idir an múinteoir agus na páistí, tógann agus feabhsaíonn siad caidrimh agus cuireann siad foghlaim chun cinn, agus tá gach idirghníomhaíocht atá ag an múinteoir leis an bpáiste suntasach. Mar a luadh sna prionsabail, bíonn tionchar ag caighdeán na n-idirghníomhaíochtaí ar fhoghlaim, ar fhorbairt agus ar fholláine na bpáistí. Cuireann gach caidreamh agus idirghníomhaíocht taobh istigh de phobal na scoile—foirmiúil agus neamhfhoirmiúil—le hoideolaíocht mhothálach.

Is é an t-am teagmhála le páistí an ghné shofheicthe de ról an mhúinteora ó thaobh foghlaim na bpáistí a chur chun cinn, ach is gné ríthábhachtach d’oideolaíocht an mhúinteora freisin é an t-ullmhúchán gairmiúil a dhéanann sí/sé. Toisc go bhfuil sí sa chúlra, is féidir leis an ngné seo d’oideolaíocht an mhúinteora a bheith faoi cheilt ach tá sí thar a bheith luachmhar. Ina theannta sin, maidir leis an bpleanáil agus leis an ullmhúchán a dhéanann an múinteoir

chun, mar shampla, an timpeallacht foghlama agus na hacmhainní a ullmhú le go mbeidh deiseanna ag na páistí a bheith ag súgradh, ag taiscéalaíocht, ag fiosrú, ag baint triail as rudaí agus ag déanamh fionnachtana, is ríthábhachtach an méid a chuireann siad leis an oideolaíocht. Aithníonn an curaclam an tionchar a bhíonn aige ar fhoghlaim na bpáistí má bhíonn an múinteoir ullamh nuair atá na páistí ag plé go neamhspleách leis an timpeallacht foghlama.

Is iad straitéisí agus cuir chuige oideolaíochta na bealaí ina gcuireann múinteoirí eispéiris foghlama in oiriúint. Spreagann straitéisí oideolaíochta éagsúla cineálacha foghlama éagsúla agus is féidir leis an múinteoir straitéisí éagsúla a roghnú a oirfidh dá c(h)uid pleananna le haghaidh eispéiris foghlama. Bíonn siad sin ag athrú agus cuirfear in oiriúint iad do dhul chun cinn an pháiste ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé. Cuirfidh cleachtas measúnaithe leanúnach bonn eolais fúthu. Baineann réimsí curaclaim éagsúla úsáid as cuir chuige ar leith. Agus iad ag roghnú straitéisí oideolaíochta cuí chun tacú le foghlaim na bpáistí, chun iad a mhealladh le bheith páirteach san fhoghlaim, chun iad a spreagadh chun foghlama agus chun an fhoghlaim a chur chun cinn, is féidir le múinteoirí a machnamh a dhéanamh ar na tréithe seo a leanas.

Maidir leis an gcur chuige/straitéis oideolaíochta:

- Leagann sé béim ar inbhuanaitheacht Imshaoil i gcomhthéacs an tseomra ranga agus na scoile agus tacaíonn sé le freagracht na bpáistí as folláine a chéile nuair atá siad ag foghlaim le chéile.
- Soláthraíonn sé do chothromaíocht idir taiscéalaíocht lánbhrí, smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna in eispéiris foghlama oscailte agus teagasc díreach ón múinteoir nuair is cuí.
- Cuireann sé meonta foghlama dearfacha chun cinn, cuir i gcás fiosracht, samhlaíocht, cruthaitheacht agus nuálaíocht.
- Cuimsíonn sé deiseanna le haghaidh aiseolais agus deiseanna le tacú leis na bpáistí chun a machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaimíonn siad agus ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad é.
- Baineann sé cothromaíocht amach idir deiseanna foghlama comhoibríocha agus deiseanna foghlama aonair do pháistí.
- Cuireann sé folláine chun cinn trí rannpháirtíocht, spreagadh, rogha agus gníomhaíocht san eispéireas foghlama.
- Cuireann sé deiseanna foghlama comhtháite ar fáil trasna an churaclaim, lena n-áirítear deiseanna a thugann aghaidh ar inniúlachtaí litearthachta agus uimhearthachta.
- Léiríonn sé cultú(i)r na scoile agus an phobail.

### Comhtháthú

Tá páistí ina gcónaí i ndomhan comhtháite agus, i gcás fhormhór na bhfadhbanna ón bhfíorshaol, ní mór do pháistí eolas agus scileanna ó réimsí iomadúla a chur i bhfeidhm. Ach ceangail nádúrtha a éascú agus iad a spreagadh le heolas agus scileanna a úsáid go solúbtha, forbraítear a gcumas lena machnamh a dhéanamh agus a gcuid foghlama a aistriú go dtí an saol taobh amuigh den scoil. Dá bharr sin, teastaíonn deiseanna uathu ar scoil chun an meon le heolas agus scileanna a úsáid go solúbtha a fhorbairt agus is féidir le heispéiris foghlama chomhtháite an comhthéacs sin a thabhairt dóibh.

Spreagann an curaclam comhtháthú, agus tacaíonn sé leis, ar roinnt bealaí. Ach gluaiseascht ó réimsí curaclaim i dtreo ábhair níos sainmhínithe, tacaítear le cur chuige comhtháite i leith teagaisc agus foghlama trí eolas a chur i láthair ar bhealach ar leith. Tá na príomhinniúlachtaí leabaithe sna torthaí foghlama trasna na réimsí agus na n-ábhar curaclaim ar fad ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé agus tógann siad comhtháthú i struchtúr an churaclaim. Tugann torthaí foghlama sna sonraíochtaí le haghaidh réimsí agus ábhair churaclaim deis do mhúinteoirí agus do pháistí tarraingt ar fhoinsí iomadúla eolais agus scileanna agus iad ag i mbun foghlama. Soláthrófar ábhair thacaíochta agus samplaí de chuir chuige i leith comhtháthú, ar phleanáil le haghaidh comhtháthú agus ar straitéisí praiticiúla le haghaidh an tseomra ranga.

Ina theannta sin, ina dhearcadh ar oideolaíocht, aithníonn an curaclam go gcuireann a c(h)uid idirghníomhaíochtaí le páistí agus lena dtaithí ar an saol ar chumas an mhúinteora téamaí fónta, scileanna idirdhisciplíneacha, smaointe móra agus fadhbanna ón bhfíorshaol a aithint. Is túsphointí iad sin le haghaidh teagasc agus foghlaim chomhtháite. An curaclam a cheangal le saol na bpáistí ar bhealaí lánbhrí, tá sé sin i gcroílár na réasúnaíochta le haghaidh comhtháthú a chur chun cinn sa seomra ranga bunscoile agus cuireann sé prionsabail an churaclaim i bhfeidhm.

## Measúnú

Agus é ag tarraingt ar na príomhsmaointe in *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* (CNCM, 2007), tacaíonn measúnú sa churaclam athfhorbartha le dul chun cinn gach páiste i dtreo fhís an churaclaim. Is próiseas comhoibríoch é lena mbaineann páistí agus múinteoirí agus, uaireanta, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile agus iad ag bailiú, ag taifeadadh, ag léirmhíniú, ag úsáid agus ag tuairisciú faisnéise i dtaca le dul chun cinn agus gnóthachtáil pháiste ó thaobh eolas, coincheapa, inniúlachtaí, scileanna agus meonta a fhorbairt. Is cuid bhunúsach de theagasc agus foghlaim ardchaighdeáin trasna na réimsí agus na n-ábhar sa churaclam é an measúnú, agus tá i bhfad níos mó i gceist ná gníomhaíochtaí a chuireann le cuntasacht sheachtrach agus le monatóireacht náisiúnta.

Áirítear ar na príomhtheachtaireachtaí tábhachtacha faoin measúnú:

- Bíonn an measúnú ar chontanam.
- Is cuid dhílis den teagasc agus den fhoghlaim é an measúnú.
- Cuireann an measúnú faisnéis ar fáil do pháirtithe leasmhara éagsúla agus, an rud is tábhachtaí, do pháistí.

### Bíonn an measúnú ar chontanam

Tacaíonn an curaclam le contanam measúnaithe ón 'measúnú iomasach' go dtí 'idirghníomhaíochtaí pleanáilte' go dtí 'measúnachtaí' (féach Fíor 4). Tagann na trí chineál measúnaithe le chéile agus tá siad riachtanach chun léargas cuimsitheach a fháil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil pháiste.

**Fíor 4:** Contanam an mheasúnaithe

| MEASÚNÚ IOMASACH | IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ PLEANÁILTE | MEASÚNACHTAÍ |
|---|---|---|
| Neamhphleanáilte, neamhthaifeadta agus leanúnach<br><br>Ní bhíonn a fhios ag na páistí de ghnáth go bhfuil siad á measúnú | Níos sofheicthe, b'fhéidir go mbeadh sé á thaifeadadh agus go mbeadh baint aige le torthaí foghlama/inniúlachtaí<br><br>B'fhéidir go mbeadh a fhios ag na páistí go bhfuil siad á measúnú nó b'fhéidir nach mbeadh | Imeachtaí ar leith atá sofheicthe agus taifeadta<br><br>Bíonn a fhios ag na páistí de ghnáth go bhfuil siad á measúnú |
| ***Sampla:***<br><br>*ceisteanna cuí a chur chun an fhoghlaim a scafláil, a bheith solúbtha agus freagrúil má bhíonn an chuma air go bhfuil míthuiscint ar pháiste* | ***Sampla:***<br><br>*iarraidh ar pháistí mapaí coincheap a thógáil chun a dtuiscint reatha ar thopaic a chur in iúl; píosa oibre a phlé le páiste* | ***Sampla:***<br><br>*trialacha/tráth na gceist a chruthaíonn an múinteoir; measúnachtaí caighdeánaithe a cuireadh le chéile go seachtrach* |

Tarlaíonn measúnú iomasach go nádúrtha agus ar bhonn leanúnach sa seomra ranga. Ó nádúr, bíonn sé comhtháite leis an oideolaíocht agus is cuid den phróiseas é nach féidir a fheiceáil ach atá ann gan aon amhras. Baineann múinteoirí feidhm as breithiúnas gairmiúil trí eolas ar fhoghlaim agus taithí na bpáistí roimhe sin, chomh maith le heolas ar an gcuraclam, chun tacú le dul chun cinn. Ní theastaíonn pleanáil fhairsing ná tuairisciú fairsing chuige seo, agus ní hí/hé an múinteoir amháin a chuireann i bhfeidhm é i gcónaí, mar gur minic a bhaintear úsáid as féinmheasúnú agus piarmheasúnú.

Bíonn idirghníomhaíochtaí pleanáilte beagán níos follasaí. Áirítear orthu seo cleachtais ar nós comhráite tarraingteacha a dhéanamh leis na páistí sa seomra ranga, ceisteanna a chur ar na páistí go rialta, iarraidh ar pháistí mapaí coincheap a thógáil chun a dtuiscint reatha ar thopaic ar leith a chur in iúl, idirghníomhaíochtaí leantacha atá bunaithe ar mheasúnú iomasach nó ar mheasúnachtaí a rinneadh roimhe sin, breathnú ar pháistí áirithe ar chúiseanna ar leith, píosa oibre a phlé le páiste aonair, nó úsáid a bhaint as rúibricí. Tarlaíonn siad seo i ndáil le tacar torthaí foghlama ar leith de ghnáth agus cuireann siad aiseolas mionsonraithe ar fáil do pháistí agus do mhúinteoirí ar féidir úsáid a bhaint as chun an cur chuige nó straitéis oideolaíochta agus/nó na gníomhaíochtaí foghlama a bhfuil siad ina mbun a leasú.

Ag deireadh an chontanaim tá measúnachtaí. Tá measúnachtaí difriúil leis na cineálacha eile measúnaithe ar na bealaí seo: (i) is imeachtaí ar leith iad, (ii) déantar taifead de thorthaí na measúnachta beagnach i gcónaí, (iii) bíonn a fhios ag na páistí de ghnáth go bhfuil siad á measúnú. Ach iad a úsáid i gceart, is féidir leas a bhaint as na measúnachtaí seo chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim agus chun iad a fheabhsú. Is faoin gcatagóir seo a thagann trialacha caighdeánaithe, agus is féidir leo fáisnéis fhónta a sholáthar a chuideoidh le pleanáil múineadh agus foghlaim. Ag an am céanna, cé go n-athnaítear tábhacht trialacha caighdeánaithe, ní gá gur tábhachtaí iad ná cineálacha eile measúnachta a bhíonn ar siúl ag múinteoirí agus páistí sa seomra ranga.

Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as bealaí éagsúla chun píosaí faisnéise tábhachtacha i dtaca le measúnú, a bailíodh trasna an churaclaim, a thaifeadadh, lena n-áirítear nótaí, grianghraif, físeáin, agus cuir chuige níos bunaithe ar scéal, cuir i gcás scéalta foghlama. Is foinse thábhachtach faisnéise don mhúinteoir í an cháipéisíocht seo agus í/é ag pleanáil obair ranga ina dhiaidh sin, ag tabhairt aiseolais do pháistí, agus ag obair le tuismitheoirí.

### Is cuid dhílis den teagasc agus den fhoghlaim é an measúnú

Is gníomhaíocht chomhroinnte é an measúnú agus is gné lárnach é dá dtarlaíonn sa seomra ranga. Léiríonn sé sin an tuiscint gur gníomhaíocht shóisialta ó nádúr í an fhoghlaim ina mbíonn múinteoirí agus páistí ag obair le chéile chun úsáid a bhaint as faisnéis chun bonn eolais a chur faoin bhfoghlaim agus, go deimhin, faoin teagasc sa seomra ranga. Ní mór do mhúinteoirí agus páistí a bheith i mbun comhrá faoin bhfoghlaim i rith an phróisis foghlama ar fad. Ach am rialta a chur ar fáil do pháistí chun bheith ag caint faoina gcuid oibre agus chun na chéad chéimeanna eile a shainaithint agus a machnamh a dhéanamh orthu, cuirtear lena bhféiniúlacht mar fhoghlaimeoirí, agus cuireann piarmheasúnú agus comharfhoghlaim eile ar chumas páistí tacú le foghlaim a chéile agus í a shíneadh. Tacaíonn an curaclam le gníomhaíocht an mhúinteora agus na bpáistí toisc go dtugann sé tús áite do chultúr measúnaithe ina dtéann léargais i bhfeidhm ar nádúr agus ar threo an teagaisc agus na foghlama san fhíor-am.

### Cuireann measúnú faisnéis ar fáil do pháirtithe leasmhara éagsúla

Cuireann measúnú faisnéis ar fáil do pháirtithe leasmhara éagsúla, agus tá páistí lárnach ina measc sin. Teastaíonn faisnéis ó pháistí a ligeann dóibh an áit a bhfuil siad ó thaobh a gcuid foghlama de, agus an méid a chaithfidh siad a dhéanamh chun dul níos faide ná sin, a shainaithint. I measc na ngrúpaí páirtithe leasmhara eile a dteastaíonn faisnéis ó mheasúnuithe uathu tá múinteoirí, foireann tacaíochta, tuismitheoirí/caomhnóirí, ceannairí scoile, lucht déanta beartas agus gairmithe eile (e.g. síceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais [NEPS], teiripeoirí). Ní dóibh féin a theastaíonn faisnéis ó na páirtithe leasmhara seo, ach d'fhonn cinntí a dhéanamh a mbeidh tionchar dearfach acu ar pháistí ar deireadh thiar thall (féach Fíor 5). Chun críocha na foghlama ó lá go lá ar scoil, i ndiaidh páistí, is é/í an múinteoir an príomhpháirtí leasmhar a úsáideann measúnú chun tacú le dul chun cinn i bhfoghlaim na bpáistí.

**Fíor 5:** Páirtithe leasmhara a gcuireann measúnú faisnéis ar fáil dóibh




Tá sé ríthábhachtach a thuiscint gurb é an páiste an páirtí leasmhar lárnach a bhaineann tairbhe as faisnéis i dtaca le measúnú, go díreach agus go hindíreach. Ní hamháin go dtacaíonn faisnéis a bhailitear ó mhúinteoirí a bheith ag breathnú ar pháistí gach lá le foghlaim ó nóiméad go nóiméad, ach is féidir léi cur go mór freisin le tuairiscí insinte ar pháistí a roinntear le tuismitheoirí agus le páirtithe leasmhara eile, mar shampla, na tuairiscí scríofa bliantúla chuig tuismitheoirí agus an Pas Oideachais a roinntear leis an iar-bhunscoil a mbeidh an páiste ag aistriú chuici.

I bhfianaise an chur chuige i leith measúnú a ndéantar cur síos air thuas, beidh sé riachtanach, le himeacht ama, an tsraith teimpléad tuairiscithe atá ar fáil do scoileanna faoi láthair a athbhreithniú le go mbeidh siad ag teacht leis an gcuraclam bunscoile athfhorbartha. Beidh deis ann freisin aiseolas a bhailiú ar an réimse tacaíochtaí a foilsíodh le seoladh *Churaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum* (2019), lena n-áirítear na Samplaí d'Fhoghlaim Teanga na bPáistí agus Ábhar Tacaíochta do Mhúinteoirí, lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le prionsabail an churaclaim athfhorbartha. D'fhéadfadh Samplaí agus Ábhar Tacaíochta den sórt céanna sna réimsí eile den churaclam cabhair phraiticiúil a thabhairt do scoileanna agus iad ag baint úsáid as an measúnú chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim. Ina theannta sin, beidh am ag teastáil ó mhúinteoirí chun dul i gcomhar lena chéile le comhthuiscint a fhorbairt i dtaca lena bhfuiltear ag súil leis ó thaobh foghlama de agus i dtaca leis an bhfianaise a bhailítear i ndáil le measúnú. Baineann comhoibriú den sórt sin le hábhar go mór mór nuair atáthar ag obair le torthaí foghlama, agus bíonn fianaise fhairsing agus comhbhreithiúnais ghairmiúla ag teastáil chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a mheasúnú agus tuairisciú orthu.

Beidh tuilleadh treorach ar mheasúnú sna sonraíochtaí a fhorbrófar le haghaidh gach réimse curaclaim.

## Tacú le scoileanna, le múinteoirí agus le ceannairí scoile

Nuair a bhíonn athrú ann, bíonn deiseanna, smaointeoireacht nua agus féidearthachtaí ann freisin. Ina theannta sin, bíonn dúshláin, éiginnteacht agus cur isteach ann. Bhí ról ríthábhachtach ag Fóram na Scoileanna, líonra 43 scoil agus réamhscoil, i bhforbairt *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Thóg siad smaointe ón taighde agus chíor siad iad ó dhearcadh a gcomhthéacsanna scoile éagsúla agus a n-eispéireas éagsúil. Téama forleathan i bplé an Fhóraim ab ea na 'dálaí' riachtanacha le cur ar chumas scoileanna a bheith ag obair leis an gcuraclam bunscoile athfhorbartha agus le tacú leo chun é sin a dhéanamh. Go háirithe, tharraing an Fóram aird ar an ngá le:

- Am chun dul i dtaithí ar na smaointe nua sa churaclam agus ar na hathruithe ar an gcuraclam, agus am le bheith ag obair le comhghleacaithe chun pleanáil a dhéanamh i dtreo an curaclam a chur i bhfeidhm ag leibhéal na scoile.
- Rochtain leanúnach ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ardchaighdeáin agus scoilbhunaithe agus deiseanna chun leas a bhaint aisti sin.
- Múinteoirí agus ceannairí scoile a chumasú agus tacú leo chun riachtanais ó thaobh forbairt ghairmiúil leanúnach scoilbhunaithe de a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh, le taobh tosaíochtaí náisiúnta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na héilimh a dhéantar ar scoileanna, mar shampla, i réimsí ábhartha ar nós pleanáil agus cáipéisíocht churaclaim, agus iad a uasdátú nuair is gá.
- Na hathruithe ar an gcuraclam a leabú in oiliúint tosaigh múinteoirí.

Leanfaidh an CNCM de bheith ag obair go dlúth le scoileanna agus le comhpháirtithe oideachais níos leithne chun slite praiticiúla inar féidir tacú le scoileanna ar bhealach cuimsitheach a shainaithint agus iad ag dul i dtaithí ar *Chreat Curaclaim na Bunscoile* agus ar na sonraíochtaí nua curaclaim a leanfaidh é, agus ag tosú ar a n-úsáid, sna blianta atá amach romhainn. Cé go bhfuil fiche bliain caite ó shin, is féidir ceachtanna a fhoghlaim ó thabhairt isteach churaclam bunscoile 1999 agus ó bheith ag tacú lena chur i bhfeidhm. Ar an gcaoi chéanna, is féidir a lán a fhoghlaim, agus foghlaimeofar a lán, ó thabhairt isteach an churaclaim teanga nua, *Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum*, lena n-áirítear cineálacha, nádúr, uainiú agus luas na dtacaíochtaí. Is féidir leis sin ar fad bonn eolais a chur faoi dhearadh agus oibríochtú cur chuige chuimsithigh i leith tacú le scoileanna agus iad a chumasú le bheith ag obair le curaclam athfhorbartha.



## Tagairtí


An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2007). *Guidelines for Teachers of Students with General Learning Disabilities*. Baile Átha Cliath: CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2007). Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna. Baile Átha Cliath: CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2017). *Comhairliúchán i dtaca leis na moltaí maidir le curaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic: Tuarascáil Chríochnaitheach*. Ar fáil ag: www.ncca.ie/ga/resources/consultationreport_gaeilge_feabhra

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2018). *Foráis sa Bhunscolaíocht: Comhairliúchán ar Struchtúr an Churaclaim agus ar Am: Tuarascáil deiridh* [ar líne]. Ar fáil ag: www.ncca.ie/ga/resources/foráis-sa-bhunscolaíocht-comhairliúchán-ar-struchtúr-an-churaclaim-agus-ar-am

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019). *Codú i mBunscoileanna: Tuarascáil Deiridh*. Ar fáil ag: www.ncca.ie/en/resources/primary-coding_final-report-on-the-coding-in-primary-schools-initiative

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: www.curriculumonline.ie/Primary

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011). *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga, 2011-2020.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna. www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/lit_num_strategy_full_ir.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *Creat don tSraith Shóisearach 2015*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag:www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachas agus Scileanna. Ar fáil ag: www.education.ie/ga/An-Roinn/Plean-Gniomhaiochta-don-Oideachas-2016-2019/

Keogh-Bryan, K. (2019). Background paper: Integrating modern foreign languages in a redeveloped primary curriculum. Coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: www.ncca.ie/en/resources/primary-curriculum-review-and-redevelopment-background-paper-integrating-modern-foreign-languages-in-a-redeveloped-primary-curriculum

O'Donnell, S. (2018). *Audit of the content of early years and primary curricula in eight jurisdictions, Overview report*. coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: www.ncca.ie/en/resources/audit-of-the-content-of-early-years-and-primary-curricula-in-eight-jurisdictions-overview-report

Priestley, M., Biesta, G. agus Robinson, S. (2015). *Teacher Agency, An Ecological Approach*. Londain: Bloomsbury Academic.

De bhreis ar na tagairtí thuasluaite, tharraing CNCM ar bhonn fairsing taighde agus fianaise agus Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile á fhorbairt againn. Áiríodh leis sin sraith páipéar gearr a scríobh taighdeoirí in Éirinn agus thar lear, ach tá níos mó i gceist leis ná na páipéir sin. D'oibrigh CNCM go dlúth leis an bhFóram Scoileanna freisin—líonra réamhscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Féach ar www.ncca.ie/ga/bunscoil chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin bhfóram agus faoin litríocht atá mar bhonn eolais faoin dréachtchreat.

## Tuarascálacha taighde

Bacon, K. (2018). Curriculum Integration. Coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: https://ncca.ie/media/3499/seminar-two_bacon-paper.pdf

Irwin, J. (2018). Towards a Values-Led Redevelopment of the Primary Curriculum. Coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4427/towards-a-values-led-redevelopment-of-the-primary-curriculum.pdf

Lysaght, Z., Scully, D., Murchan, D., O' Leary, M. and Shiel, G. (2019). Aligning Assessment, Learning and Teaching in Curricular Reform and Implementation. Coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4442/aligning-assessment-learning-and-teaching-in-curricular-reform-and-implementation.pdf

McGuiness, C. (2018). Research-Informed Analysis of 21st Century Competencies in a Redeveloped Primary Curriculum. Coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4434/research-informed-analysis-of-21st-century-competencies-in-a-redevloped-curriculum.pdf

O'Donnell, S. (2018). Audit of the Content of Early Years and Primary Curricula in Eight Jurisdictions - Overview report. Coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: www.ncca.ie/media/3928/international-audit-overview-report.pdf

O' Donnell, S. (2018). Audit of the Content of Early Years and Primary Curricula in Eight Jurisdictions - Key findings synthesis: curriculum breadth, depth and organisation. Coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4835/audit-of-the-content-of-early-years-and-primary-key-findings.pdf

Ring, E., O' Sullivan, L., Ryan, M. and Burke, P. (2018). A Melange or a Mosaic of Theories? How Theoretical Perspectives on Children's Learning and Development Can Inform a Responsive Pedagogy in a Redeveloped Primary School Curriculum. Coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4425/theoretical-perspectives-on-childrens-learning-and-development.pdf

Shuey, E.A., Najung, K., Cortazar, A., Poblete, X., Rivera, L., Lagos, M.J., Faverio, F. and Engel, A. (2019). Curriculum Alignment and Progression between Early Childhood Education and Care and Primary School: A Brief Review and Case Studies. OECD Education Working Paper No. 193. OECD Publishing Paris. Coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4494/curriculum-alignment-and-progression-between-early-childhood-education-and-care-and-primary-school.pdf

Smyth, E. (2018). The Transition to Primary Education: Insights from the Growing Up in Ireland Study. Dublin: Economic and Social Research Institute. Coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4433/the-transition-to-primary-education-insights-from-the-growing-up-in-ireland-study.pdf

Volante, L. (2018). Effective Pedagogies for a Redeveloped Primary School Curriculum. Coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: https://ncca.ie/media/3501/seminar_two_volante_paper.pdf

Walsh, T. (2018). Towards an Overview for the Redeveloped Primary School Curriculum: Learning from the past, learning from others. Coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4426/towards-an-overview-of-a-redeveloped-primary-school-curriculum-learning-from-the-past-learning-from-others.pdf

Wyse, D. and Manyukhina, Y. (2018). The Place of Knowledge in Curricula: A Research-informed Analysis. Final Report. Coimisiúnaithe ag an CNCM agus ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4424/the-place-of-knowledge-in-a-redeveloped-curriculum.pdf

## Aguisín A:

**Creatlach sheachtainiúil íos-ama a Creatlach sheachtainiúil íos-ama a mholtar, Curaclam na Bunscoile, 1999**

# Creatlach sheachtainiúil íos-ama a mholtar

| | Lá iomlán | | Lá gairid [*ranganna naíonán*] | |
|---|---|---|---|---|
| **Achair churaclaim** | **Seachtain amháin** | | **Seachtain amháin** | |
| | Uaireanta | Nóiméid | Uaireanta | Nóiméid |
| **Teagasc saolta** | | | | |
| Teanga | | | | |
| T[1] | 4 | 00 | 3 | 00 |
| T[2] | 3 | 30 | 2 | 30 |
| Matamaitic | 3 | 00 | 2 | 15 |
| OSIE | 3 | 00 | 2 | 15 |
| OSPS | 0 | 30 | 0 | 30 |
| Corpoideachas | 1 | 00 | 1 | 00 |
| Oideachas Ealaíon | 3 | 00 | 2 | 30 |
| Am curaclaim ar togradh | 2 | 00 | 1 | 00 |
| **Iomlán ar theagasc saolta** | **20** | **00** | **15** | **00** |
| Oideachas reiligiúnach (samplach) | 2 | 30 | 2 | 30 |
| An Tionóil | 1 | 40 | 1 | 40 |
| Glaoch an Rolla | 0 | 50 | 0 | 50 |
| Sosanna | 0 | 50 | 0 | 50 |
| Caitheamh aimsire | 2 | 30 | 2 | 30 |
| **Iomlán** | **28** | **20** | **23** | **20** |

*Nóta: D'fhéadfadh modhnú éigin a bheith riachtanach sa chreatlach seo i gcomhthéacs thoradh an tionscadail phíolótaigh sna nuatheangacha.*

(*Curaclam na Bunscoile*, 1999, lch.70)

35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath, DO2 KH36
**T:** +353 1 661 7177 **F:** +353 1 661 7180 **E:** info@ncca.ie

www.ncca.ie

© NCCA 2020

primary developments
foráis sa bhunscolaíocht

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment